

Cosnaíonn

siad

ár

saoirsí

30 bliain de dhuais Sakharov

Cosnaíonn

siad

ár

saoirsí

© an tAontas Eorpach, Parlaimint na hEorpa, 2017

Grianghraif

Enri Canaj / Magnum Photos
Bieke Depoorter / Magnum Photos
Jérôme Sessini / Magnum Photos
Newsha Tavakolian / Magnum Photos,
assistée de Amine Landoulsi

Téacsanna

Éric Fottorino, le cúnamh ó Manon Paulic

Dearadh grafach

Hello Dune Lunel

Teachtaireachtaí buíochais

Comhaltaí Sakharov:
Asma Kaouech, Ameha Mekonnen,
Jadranka Miličević agus Samrith Vaing
Le haghaidh Magnum Photos: Clarisse Bourgeois,
Antoine Kimmerlin, Nikandre Koukoulioti,
Giulietta Palumbo, Claire Saillard, Pauline Sain

Is iad tuairimí na n-údar iad na tuairimí a nochtar
sa leabhar seo agus ní gá gur léiriú ar sheasamh
oifigiúil Pharlaimint na hEorpa iad.

Cosnaíonn

siad

ár

saoirsí

30 bliain de dhuais Sakharov

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
Guy le Querrec
An Ghearmáin, Beirlín, 1989.
*Ceiliúrann daoine óga an athbhliain ar barr
Bhalla Bheirlín.*

Clár

Réamhrá	9
Samrith Vaing	14
Asma Kaouech	48
Ameha Mekonnen	82
Jadranka Miličević	114
Cosnaíonn siad ár saoirsí	151
Duais Sakharov	167
Na buaiteoirí	168
Ról Pharlaimint na hEorpa	170





Réamhrá

Antonio Tajani


Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

Agus muid ag déanamh ceiliúradh ar 30 bliain de Dhuais Sakharov, tá an duais sin chomh hábhartha anois agus a bhí sí in 1988 nuair a bronnadh an duais den chéad uair ar Nelson Mandela agus Anatoli Martchenko. Is tosaíocht ar chlár oibre Pharlaimint na hEorpa i gcónaí é an comhrac ar son chearta an duine. Is tionscnamh suaitheanta í Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta atá mar chuid dár rannpháirtíocht fhairsing maidir le cearta an duine, na cearta sin atá i gcroílár ár luachanna comhroinnte.

Bronnadh Duais Sakharov ar a lán daoine suaithinseacha. Le himeacht ama, is níos mó ná deasghnáth bliantúil í an duais; tá sí anois ina huirilis thábhachtach do na buaiteoirí. Tugann Parlaimint na hEorpa na buaiteoirí isteach i nGréasán Dhuais Sakharov agus tacaíonn sí leo agus iad ina n-ionadaithe a chuireann spiorad an tionscnaimh chun cinn. In éineacht leo, tá Comhaltacht Sakharov do chosantóirí chearta an duine seolta againn chun tacú le gníomhaithe ar fud na cruinne.

Pléann an leabhar seo leo siúd ar fad — amhail na buaiteoirí — a throideann ar son a gceart agus ar son sochaí níos cothroime, agus a spreagann daoine eile an rud céanna a dhéanamh. Is mór mo mheas agus mo thacaíocht do cheathrar comhaltaí Dhuais Sakharov — ceathrar as measc a lán daoine eile — arb é a saothar agus a saol siombaileach is ábhar don leabhar seo. Ba mhaith liom freisin an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le Eric Frotrorino, iriseoir agus scríbhneoir measúil, ar éirigh leis a scéal siúd a insint ar shlí a léiríonn a gcomhrac ar son chearta an duine ar fud an domhain, agus freisin le Jérôme Sessini, Bieke Depoorter, Enri Canaj agus Newsha Tavakolian, ceathrar grianghrafadóirí cáiliúla a bhfuil pictiúir a ghlac siad ina mhaisiú ar na scéalta sin.

Le blianta beaga anuas, tá laghdú tagtha ar líon na n-ardán atá ann don tsochaí shibhialta anseo agus ansiúd ar fud an domhain. Uaireanta cuirtear i leith eagraíochtaí a chuireann cearta bunúsacha



a gcomhshaoránach chun cinn gurgníomhairí eachtrannacha iad, agus ag an am céanna, baintear úsáid as imeaglú, príosúnacht agus céasadh chun iad a chur ina dtost. Tá cearta bunúsacha faoi bhrú freisin i sochaí an lathair agus laistigh de theorainneacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann sceimhlitheoireacht dhomhanda na saoirsí is bunúsaí atá ag ár saoránaigh i mbaol agus ba cheart dúinn dul i ngleic léi go láidir. Mar sin féin, caithimid a áirithiú nach mbaintear dár gcearta bunúsacha leis sin.

Le Duais Sakharov, tugadh urraim do throdaithe ar son an daonlathais i gCúba faoi thrí go nuige seo: Guillermo Fariñas in 2010, Damas de Blanco in 2005, agus Oswaldo José Payá Sardiñas in 2002. Trí aitheantas a thabhairt do Hu Jia in 2008 agus do Wei Jingsheng in 1996, tá an duais tar éis aird a tharraingt faoi dhó ar an streachailt fhada dheacair ar son chearta an duine sa tSín. Chuireamar fáilte freisin roimh a ndearna na gníomhaithe ón Iaráin Nasrin Sotoudeh agus Jafar Panahi in 2012 agus freisin roimh a ndearna an eagraíocht neamhrialtasach Rúiseach, Memorial, in 2009.

Tá bagairt ar shaoirse an phreasa ann i neart tíortha ina bhfuil an rialtas ag iarraidh iriseoirí a chur ina dtost agus cos ar bolg a imirt orthu. Nuair a bhronn Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov ar na Tuairisceoirí gan Teorainneacha in 2005, ar Chumann Iriseoirí na Bealarúise in 2004 agus ar Oslobodjenje in 1993, thug

sí ómós do ghníomhaithe ar comhartha sóirt dá gceird iad agus a chaomhnaíonn an iriseoireacht neamhspleách atá mar chrann taca ag an daonlathas.

Maidir le sáruithe ar chearta an duine, tá mná fós i measc na ndaoine is leochailí. Déanann buaiteoirí na duaise in 2013 agus in 2005 — Malala Yousafzai agus Hauwa Ibrahim — cearta na mban a chosaint agus a chur chun cinn go láidir, lena n-áirítear rochtain ar oideachas a ráthú. In 2016, le Duais Sakharov tugadh ómós do bheirt bhan chróga Yazidi ón Iaráic, Lamya Haji Bashar agus Nadia Murad, agus in 2014 tugadh ómós don dochtúir Denis Mukwege ón gCongó, as ucht an fód a sheasamh i gcoinne an fhoréigin uafásaigh a fhulaingíonn mná agus leanaí i gcoimhlintí.

Le Duais Sakharov, tugtar ómós don tsaoirse smaointeoireachta í féin, an ceart is príobháidí de chearta an duine. Cuireadh buaiteoirí Dhuais Sakharov amhail an blagálaí ón Araib Shádach, Raif Badawi, i bpríosún díreach mar gheall gur chur siad a smaointe in iúl.

Thar 30 bliain, tá oidhreacht spreagúil bunaithe ag buaiteoirí Dhuais Sakharov. Is é mo mhian don 30 bliain amach romhainn go spreagfaidh an oidhreacht sin daoine eile chun go mbeadh sé mar mhian acu domhan níos cothroime a bheith ann, go mbeidís tiomanta chuige sin agus go ndéanfaidh siad gníomh dá réir, rud a chuirfeadh le tábhacht Dhuais Sakharov.





Samrith Vaing

An Chambóid



le Jérôme Sessini

Tá 35 bliain d'aois ag Samrith Vaing. D'aithneofa láithreach gur duine dúchasach é. Is de ghrúpa mionlaigh na mBunong é, ceann amháin den 24 phobal, atá ar cheann de na pobail is mó daonra agus is sine chomh maith, toisc go bhfuil sé lonnaithe sa chúige Mondulkiri le 2 000 bliain anuas, soir ón gCambóid, gar do theorainn Vítneam.

Ba é suaimhneas iomlán an tírdhreacha agus na ndaoine a chuir suntas ar an ngrianghrafadóir Jérôme Sessini a bhí in éineacht leis ar feadh roinnt laethanta. Is é simplíocht na ndaoine agus a n-iontaofacht a theastaíonn uaidh a chaomhnú thar aon ní eile. “Níl faic teibí ná idé-eolaíoch maidir lena gcur chuige”, a mhíníonn an t-iriseoir a bhfuil taithí aige ar cheantair cogaidh atá faoi bhrú mór. Is cosúil gur áit í seo a bheadh fabhrach don tsíocháin. “Tá sé deacair an foréigean polaitiúil a thaispeáint”, a deir sé. Mar sin féin, bhraith sé é le linn a dturais go Steng Treng. Theastaigh ó Samrith dul chomh fada leis na sráidbhailte sa choill ach bhí na póilíní agus an t-arm ag cur srian ar dhul isteach ann. Bhí sé dodhéanta teagmháil a dhéanamh leis na pobail áitiúla. Theastaigh ón ngníomhaí chearta an duine seo dul isteach trí bhealach ar bith toisc go raibh sé tábhachtach dó go dtuigfeadh a chuiditheoir na deacrachtaí a bhí ag na pobail seo mar gheall ar gur chun tairbhe comhlachtaí Síneacha a dhíshealbhaítear iad

óna gcuid talún le cabhair ón rialtas. Ní raibh Jérôme Sessini sásta go dtógfadh sé a leithéid de sheans. Bhí sé róchontúirteach.

Tá gach rud réidh anois ach go bhfuil baol i gcónaí ann. Comhcheanglaítear cosaint na saoirsí sibhialta le cosaint an chomhshaoil, na foraoise, mhuintir na háite, daoine agus ainmhithe, ar nós na moncaithe a bhíonn i lár shaol an teaghlaigh nó na madraí a fheictear sna ghrianghraif atá cosúil le fiordhaoine. Nuair a tháinig an grianghrafadóir go dtí an Chambóid, bhí Samrith Vaing sásta go bhféadfadh sé Béarla a labhairt ar feadh seachtaine iomláin. Mar sin, d'fhéadfadh sé an teanga sin a chleachtadh chun go bhféadfadh sé a theachtairacht a chur chuig na húdaráis idirnáisiúnta agus chucu siúd ar mian leis eolas a scaipeadh ina measc. Nasc idir daoine agus an talamh, gnáthóga nádúrtha a chaomhnú agus an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide a bhíonn ag déanamh tinnis don ghníomhaí allamuigh seo. “I go to the ground”, a deir sé arís is arís eile, bealach le rá gur gaire a fhanann sé do na daoine, dá gcuid fadhbanna, dá gcuid buarthaí.

An Chambóid, Prame. Iúil 2017.
Samrith Vaing, cosantóir chearta an duine agus comhalta dhuais Sakharov.



An Chambóid, cúige Stoeng Treng.
*Dífhoraioisiú arb iad dianshaothrú adhmaid,
forleathnú na dtailte curaíochta agus tógáil
dhambaí faoi deara leis.*

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Chambóid, cúige Mondul Kiri.
*Is iad an pobal Bunong an dream eitneach is mó
sna críocha sléibhtiúla sa Chambóid. Tá cónaí
orthu sa chúige Mondul Kiri le dhá mhíle bliain
anuas.*

“Tá spéis ar leith agam sa choill”, a mhíníonn sé. “Táim ag fanacht ar an rialtas gníomhú agus teacht linn maidir leis seo. Ach níl faic déanta. A mhalairt. Tá an choill imithe. Maraíodh gníomhaithe áirithe agus tá cuid acu sa phríosún inniu. Tháinig eagla ar chuid eile mar gheall ar na brúnna a chuirtear orthu, agus is é an deireadh a bhí leis ná gur ghread siad leo.” Ar an lámh eile, do Samrith Vaing, níl aon cheist faoi go ndéanfaí imeaglú air. Is mian leis troid ar son a chuid féin in aghaidh na héagóra ar fad. Gan aon duine a fhágáil ina dhiaidh. An nádúr a chaomhnú chun na daoine a shábháil.

Is iad iontais na tíre agus muintir na foraoise a chuir brú ar Jérôme Sessini éirí as dathanna a úsáid. Bhí gá le dubh agus bán mar gheall ar an saol barántúil atá á chaitheamh ag na daoine seo dar leis. “Chun go mbeadh na gnéithe is tábhachtaí le sonrú”, a deir sé, “is fearr an áilleacht a athchruthú trí fáil réidh le gach ní a bhfuil cuma neamhriachtanach orthu”. Tá sé ar nós go raibh sé ag iarraidh caidreamh níos díri fós a bhunú idir an dream is ábhar dá chuid grianghraf agus an rud sin atá sé ag iarraidh a fhionnachtain leis na pictiúir. Cad a chonaic sé a bhí chomh tarraingteach sin sa Chambóid, tír a bhíonn ag streachailt le taibhsí an chinedhíothaithe ar chuir an Khmer Rouge tús leis idir 1975 agus 1979? Chonaic Jérôme Sessini na mílte grianghraf d’íospartaigh i Músaem Cuimhneacháin Phnom Penh, daoine cainteacha seachas ciúine. Níl aon dabht faoi ach gur éirigh leis cuid den tromchúis a léiriú atá le brath go tréan ina chuid pictiúr.

Mar shampla, ag an margadh oscailte, in Stung Streng, áit a ndíolann bean óg a cuid táirgí garraíodóireachta margaidh faoin mbáisteach agus an diongbháilteacht le feiceáil ina héadan. Tá na daoine dúchasacha seo faoi bhagairt na díbeartha i gcónaí ó chuir comhlacht ón tSín tús le tógáil an damba. Cuireann na húdaráis áitiúla bac ar na Bunong rochtain a fháil ar na margaí faoi dhíon atá ann fós chun brú a chur orthu imeacht. Iarracht is ea é seo chun drochmhisneach a chur orthu trí iad a fhágáil taobh amuigh faoin drochaimsir. Tá a fhios acu chomh maith go ndéanfaidh siad níos lú airgid trí na coinníollacha seo a ghearradh orthu. Tá siad ag súil, mar sin, go nglacfaidh na Bunong le tairiscintí ón rialtas láir: is é sin, a dtithe a fhágáil, glacadh le háiteanna cónaithe atá i bhfad óna gceantar dúchais, i bhfad ó cheantar a sinsear, i lóistín leamh, i gceantair gan stair. Is cúis mhór imní iad na cláir athlonnaithe seo do Bunong na foraoise nach bhfuil faic uathu ach fanacht sna ceantair inar chónaigh siad riamh iontu. Tá Samrith Vaing ag tacú leo. Tá a fhios aige nach bhfuil scrupail choinsiasa ag na húdaráis. Is féidir le cibé treibh ar leis an talamh na mílte heicteár a leagan gan faic a ligean orthu féin agus gan beann ar na sráidbhailte a d’fhéadfadh a bheith ina measc! Is tábhachtaí an t-airgead ná aon rud eile.

Is ar an tsaincheist sin a dhéanann Samrith idirghabháil trína eagraíocht, *Community Development Cambodia* (CDC). “D’oibrigh mé ar feadh i bhfad in eagraíocht náisiúnta lonnaithe san ardchathair”, a mhíníonn





sé. "Ní raibh mórán maoinithe ná mórán acmhainní againn chun bogadh timpeall. Táim ar ais i mo chúige Kratie faoi láthair, áit atá an-turasóireach. Tá deacrachtaí den uile chineál ann. Tá slite bheatha na ndaoine dúchasacha i mbaol ó thionscal an chána siúcra anseo. Tógann comhlachtaí Síneacha agus Vítneam na tailte, scriosann siad an fhoraois agus cuireann siad cána siúcra ann. In áiteanna eile, baineann an fhadhb le plandálacha crann rubair as a ndéantar rubar. Tá feirmeacha gar do theorainn Vítneam ina dtáirgtear ola phailme a dhéanann bagairt ar shaol na ndaoine agus ar rochtain ar acmhainní nádúrtha." Is í polaitíocht an rialtais is cúis leis na míchothromaíochtaí tromchúiseacha seo, a dháileann ceadúnais do chomhlachtaí thar lear ar mhaithe le hairgead, agus a bhuí leis sin, is féidir le hinfheisteoirí feillbhéasacha seilbh a ghlacadh ar thalamh. Tá an chaimiléireacht i réim agus tá an fhoraois Chambódach á bánú, dá bhrí sin. "Cuireann na comhlachtaí a bhunaítear anseo tuarascálacha bréagacha le chéile ag ligean orthu nach ndéanfaidh a dtionchar díobháil do shaol na ndaoine." Tugann na húdaráis phoiblí neamhaird ar an bhfadhb. Is gearr a thógann sé ar na comhlachtaí teacht ón gcoigríoch chun stráicí móra talún a ghlanadh. "Seoltar an t-adhmad chuig an Vítneam agus ansin go dtí an tSín chun é a dhíol." Níl gá le tráchtairacht ar bith le meabhair a bhaint as grianghraif Jérôme Sessini. An oiread sin tírdhreacha gruama, buailte go dona, cosúil le crith talún! An talamh a bhfuil na crainn agus na plandaí bainte de, éiríonn sé éagobhsaí. Déanann na tuilte léirscrios ar gach rud. Is iad na leanaí

amháin a bhaineann taitneamh as tumadh isteach i bhfarraigí a fhoirmítear taobh istigh de cúpla uair an chloig.

Tugann Samrith Vaing uirlis fhíorthábhachtach do na pobail seo a bhfuil an baol ann go gcuirfí iallach orthu teitheadh óna gceantair: eolas ar a gcearta. "Mura bhfuil siad ar eolas acu, conas a fhéadfaidh siad iad féin a chosaint?" In ainneoin na rioscaí a bhíonn ann, níl leisce air labhairt leis na meáin nuair is gá, nó a ainm a chur amach go poiblí. Úsáideann sé na meáin shóisialta chun go leor físeán a chomhroinnt. Chruthaigh sé cainéal *YouTube*, fiú, chun eolas a scaipeadh maidir lena chuid éachtaí. Is soilíosach a chur chuige, thar aon ní eile: "Fanaim sa chúlra chun cabhrú leis na daoine dúchasacha. Bíim taobh thiar díobh chun cabhrú leo a gcosaint a fhorbairt. Is í an sprioc atá agam ná coinsias a fhorbairt ach gan a bheith ag troid i gcoinne aonáin ar leith. Bíonn leisce orm an locht a chur ar an rialtas. Is í an stratéis atá agam ná gan a bheith ag cáineadh go díreach ach an bhéim a chur ar na fíricí náireacha atá ann. Dírím mo chuid oibre ar an athrú aeráide chomh maith. Tá an cheist seo agus an cheist maidir le dálaí maireachtála fite fuaite go dlúth ina chéile. D'fhoghlaim mé é sin agus mé ag breathnú ar chúrsaí sa Mhalaeisia. Bíonn na pobail dhúchasacha á mbeathú le saibhreas na foraoise: le mil agus le toradh na seilge. Bailíonn siad roisín agus rubar chomh maith. Tugann siad aire di mar mhalairt air sin. Tríd an fhoraois a chosaint, cuirtear moill ar an athrú aeráide. Troideann na daoine dúchasacha chun go ngníomhóidh an rialtas agus go ráthóidh siad a gcearta: an



ceart chun rochtain a fháil ar a gcuid tailte, ar acmhainní nádúrtha; an ceart scoileanna, bóithre agus ospidéal a bheith acu. Mura réitítear na ceisteanna seo le chéile, tosódh coimhlintí tromchúiseacha.

Baineann Samrith leas as a chuid fuinnimh, as a chuid tola, as a phaisean ar mhaithe leis na teaghlaigh a mbuaileann sé leo chun cabhrú lena gcomhrac dá gcearta. Is leor an cuma a bhíonn ar aghaidh Jérôme Sessini lena dhéanamh amach, duine daingean agus socair, meascán de shuaimhneas agus de

dhiongbháilteacht, a chuaigh i bhfeidhm an oiread sin ar an ngrianghrafadóir. Aghaidh mhná os comhair an ionaid thionsclaíoch de chuid na Síne Rui Feng, a bhfuil amhras orthu gur ghabh siad seilbh ar 500 heicteár go mídhleathach chun cána siúcra a chur sa chúige Preah Vihear. Aghaidheanna de mhuintir an tsráidbhaile de chuid an mhionlaigh Kui, sa sráidbhaile Prame, mná agus leanaí, iascairí, scoláirí, nach dteastaíonn uathu go n-athródh aon rud ina saol. Ceacht misnigh agus foinse dóchais atá ann nuair a fhéachtar orthu siúd.

An Chambóid, Stoeng Treng.
*Díolann Bunong mná a táirgí i bhfoisceacht
 mhargadh Stoeng Treng.*



An Chambóid, cúige Stoeng Treng.
Tugann Samrith Vaing (ar dheis) cuairt ar theaghlach
Bunong atá tar éis a bheith athlonnaithe ag an rialtas.
Mar thoradh ar shaothrú na foraoise agus tógáil dambai
ag grúpaí tionsclaíochta Síneacha, chuir rialtas na
Cambóide faoi deara do na pobail dhúchasacha
a bhfearann dúchais ársa a thréigean.



An Chambóid, cúige Preah Vihear.

Tá cónaí ar Cheom Kol os comhair ionad tionscail Síneach Rui Feng. Cuireann na teaghlaigh i leith Rui Feng International gur leag siad crainn go neamhdhleathach ar bheagnach 500 heicteár de thalamh d'fhonn feirm cána siúcra a bhunú.



An Chambóid, cúige Preah Vihear.
*Leanbh den mhionlach Bunong ag snámh tar éis
ráig báistí a bhí ina cúis le tuilte.*



An Chambóid, cúige Stoeng Treng.
Páiste Bunong i gcampa athlonnaithe de chuid an rialtais.







An leathanach dúbailte roimhe seo agus an
leathanach ar chlé:
An Chambóid, cúige Preah Vihear.
*Leanaí den mhionlach Bunong ag súgradh le hais
an bhóthair.*



An Chambóid, cúige Preah Vihear.
Bean óg den phobal Bunong ag iascaireacht.






Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:
An Chambóid, cúige Mondul Kiri.
Leanai den mhionlach Bunong roimh Aifreann an
Domhnaigh san eaglais Chríostaí in Laoka.



Thuas: An Chambóid, cúige Mondul Kiri.
Aifreann á rá san eaglais in Laoka.

An leathanach ar dheis: An Chambóid, Prame.
Leanaí Kui i sráidbhaile Prame.

An dá leathanach ar aghaidh: An Chambóid,
Anlong Srey.
*Daoine den mhionlach dúchasach Kui sa
sráidbhaile Anlong Srey. Tá an pobal Kui
gníomhach i gcosaint foraoise Prey Lang.*









An Chambóid, cúige Stoeng Treng.



Thuas: An Chambóid, cúige Preah Vihear.
Leanaí, an chuid is mó acu ón bpobal Kui, ar scoil.

An leathanach dubailte ina dhiaidh seo: An
Chambóid, cúige Preah Vihear.
*Tá cónaí ar theaghlach Bunong os comhair ionad
tionscalaithe Síneach Rui Feng.*









An leathanach ar chlé: An Chambóid, Prame.
Bean óg Kui sa sráidbhaile Prame.

Thuas: An Chambóid, cúige Preah Vihear.
Amharc den ionad tionscalaíochta Síneach Rui Feng.

An leathanach dubailte ina dhiaidh seo: An Chambóid, Prame.
Leanaí Kui i sráidbhaile Prame.







Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:
An Chambóid, Prame.
Gníomhaithe do chearta an mhionlaigh Kui.



An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Chambóid, cúige Preah Vihear.
*Daltaí scoile den mhionlach Bunong le hais an
bhóthair.*





Asma Kaouech

An Túinéis



le Newsha Tavakolian

Tá Asma Kaouech 25 bliana d'aois. Is dlíodóir í. B'ollamh le fealsúnacht é a hathair. Thug sé comhairle mhaith di: ná breathnaigh ar theilifís Ben Ali; is fearr leabhair a léamh, leabhair de chuid Kant agus Heidegger; déan staidéar ar an daonlathas, ar shaoirsí aonair, ar chearta na mban. “Thug sé a lán leabhar faoin bhfeimineachas dom”, arsa an mbean óg seo ón Túinéis a d'fhás aníos sa phríomhchathair ach arb as an deisceart di ó dhúchas.

“Agus mé óg, mhúin sé dom conas a bheith mar dhuine ag a bhfuil luachanna”. Luachanna a bheith inár gcroí istigh mar a bhíonn dóchas inár gcroí istigh againn. Is é an líon beag focal seo a aithníonn an gníomhaí seo ar tharla baisteadh tine di in 2011, coicís sular tharla an réabhlóid a chuir deireadh le ré an deachtóra Zine el-Abidine Ben Ali. Cinnte, is féidir leis an Túinéis brath ar na mílte daoine ar nós Asma ar fud na tíre, mar a léirigh an grianghrafadóir Iaránach Newsha Tavakolian a bhí á tionlacan, agus is saibhreas daonnachtúil suntasach é. Is léir óna briathra, óna gníomhartha, ón dóigh a dtiontaíonn sí ina n-áilteoirí na leanaí díomhaoine atá ar na sráideanna, leanaí atá ar tí dul ar bhealach a n-aimhleasa, gur duine ar leith í an duine seo.

An Túinéis, Túinis. Lúnasa 2017.
Stiúrann Asma Kaouech, 25 bliana d'aois, comhalta dhuais Sakharov, Fanni Raghman Anni, cumann Túinéiseach a chosnaíonn cearta an duine. Is í ceann de na chéad eagraíochtaí í a chur tús le ceardlanna chun comhrac a dhéanamh i gcoinne radacú na n-óg.

Ar dtús, ba é conaphian fhearamháin, Mahomed Bouazizi, a rinne é féin a fhéinloisceadh in Sidi Bouzid an 17 Nollaig 2010, a chuir tús le sraith agóidí nár tharla a leithéidí riamh sa tír, casaid ab ea iad arna n-eagrú ag daoine a bhí bréan de réimeas póilíneach Ben Ali agus a mhuintir. Agus iad saor den chéad uair riamh, ní heol do na daoine fós cad ba cheart dóibh a dhéanamh leis an tsaoirse sin. Ina dhiaidh sin a tháinig na hIoslamaigh ón bpáirtí Ennahda i réim. Pian eile. Ach bhí roth mór na staire ag casadh, á tharraingt ag an gcosmhuintir a d'éiligh tionól bunreacht nua, agus bunreacht nua sa bhreis air sin, arna ghlacadh faoi dheireadh an 26 Eanáir 2014. Tá áthas ar Asma: “Ráthaíonn an téacs seo a lán cearta nua: an comhionannas idir fir agus mná; an ceart ag daoine óga páirt a ghlacadh sa pholaitíocht; saoirse coinsiasa, dul chun cinn mór.” Cosúil le go leor dá cuid comhthíreach, ní in aisce a chuaigh sí i mbun gnímh; ní gan chúis a rinne sí agóid. Níorbh saothar in aisce di 2 lá a chaitheamh i ngéibheann, sular tharla an réabhlóid, nuair a chaith póilíní

An Túinéis, Túinis.
*Oibríonn aisteoirí, idir fhir agus mhná, leis an
gcumann Fanni Raghman Anni.*







Ben Ali í sa phríosún. Scaoileadh saor as an bpríosún í tar éis di geallúint a thabhairt gan an méid seo a leanas a dhéanamh, geallúint nach bhféadfadh sí a chomhlíonadh: gan a tuairimí polaitiúla a chur in iúl a thuilleadh, geallúint i scríbhinn nach léirseodh sí agus nach ndéanadh sí staidéar a thuilleadh, — sea, gan fiú staidéar a dhéanamh, agus go bhfillfeadh sí abhaile, go humhal. “Buíochas le Dia gur tháinig an réabhlóid” arsa Asma. “Ceann de na tréimhsí is fearr de mo shaol! Chuaigh a lán rudaí i bhfeidhm orm, amhail na daoine a d’eagraigh iad féin chun cosaint a gceantar féin a áirithiú. Chuaigh siad ar

patról. D’ullmhaigh na mná béilte. Chasamar le chéile chun ár gcuid scéalta, ár dtubaistí, ár gcuid aislingí a chomhroinnt.” Troideann an tsochaí shibhialta i gcoinne na nIoslamach ar mian leo an creideamh a chur i bhfeidhm ar an Stát. Ba í Asma an t-aon mhac léinn a bheadh ag obair mar oiliúnaí sa Tionól nua. Theastaigh uaithi a fheiceáil cad a chinneann na feisirí. Dúirt siad léi: “Téigh chun na trá!” D’fhan sí mar a raibh sí. Níorbh eol dóibh go mbeadh Asma ceannndóchasach. Ba é sin an uair a chruthaigh Asma agus baicle bheag de ghníomhaithe *Fanni Raghman Anni* (FRA), go liteartha “ealaíontóir in ainneoin mise”.

Réabhlóid laistigh de réabhlóid. An óráidíocht, na colainneacha a bhogann, a chuireann iad féin in iúl, a throidteann. "I rith na n-ágóidí suí agus na léirsithe, thosaigh muid ag baint feidhm as drámaíocht sna sráideanna, ealaíon agus cultúr mar sheifteanna nua chun cearta an duine a chosaint, chun aird an phobail a tharraingt orainn féin." Gluaiseacht shimplí ab ea í nuair a bunaíodh í in 2011, ach rinneadh cumann ceart de FRA 2 bhliain níos déanaí, tar éis dó barr feabhais a chur ar a chleachtais ainrialta sna caiféanna. "An bunchuspóir a bhí againn ná troid i gcoinne an imeallaithe sna réigiúin intíre, sna ceantair, i measc na n-óg, na daoine ba bhoichte", a mhínigh an dlíodóir a bhfuil seantaithí aici ar an gcomhrac seo sna sráideanna a d'fhéadfadh a bheith léirithe mar óráidíocht, mar mhím, mar ghotha mar a bheadh liú. Comhrac síochánta le go bhféadfadh gach duine é féin a aithint i nduine eile, ina laigí, ina dhóchas, sna rudaí a chuireann fearg orthu, ina mhí-eagar féin. Rinneadh trí ghníomh sa chuan cogaidh: ceardlanna a eagrú ar fud na Túinéise, a mhair ar feadh timpeall 10 lá, a thug le chéile 30 duine óg a raibh orthu "taibhléiriú" a dhéanamh bunaithe ar théama chearta an duine, léirithe ealaíne ar an ábhar céanna, eagraithe le haisteoirí gairmiúla, agus, ar deireadh, san Iordáin, sa Tuirc agus sa Liobáin, gníomhaíochtaí sna campaí do dhídeanaithe chun tacaíocht shóisialta, chultúrtha agus dhaonnúil a thairiscint do dhaonraí imeallaithe. Mar gheall ar a cuid taithí sa réimse seo ba nádúrtha gur dhírigh Asma a cuid gníomhaíochtaí chun an radacú a chosc. "Tá an Túinéis chun cinn ar gach tír eile ó thaobh jiohádaigh óga a onnmhairiú", a áitíonn an bhean óg. "We Are Here" is ainm dár dtionscadal. Tá cearta an duine ceangailte leis an tsíocháin; is gá mar sin í a chaomhnú


leis an réamhobair seo. Tá oifig i gceartlár na Túinéise againn, áit ina mbímse ag obair go lánaimseartha beagnach. Is cúigear fostaithe anois muid idir 20 agus 29 bliana d'aois. Maoiníonn na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Eorpach muid. "Is í an aidhm ná cosc a chur ar an radacú. Tá dáimh ag Asma leis na focail sin. "Dódh ár n-oifig in 2014, le linn chothrom lae na réabhlóide. Bhraith mé go raibh mé i mbaol. D'ionsaigh salaifistí na "taibheoirí" fad agus a bhí siad i mbun a dtaibhléirithe ar an ardán. Is iad na healaíontóirí a cuireadh sa phríosún agus ní na salaifistí. D'fhan siadsan saor."

Tá an t-ábhar íogair. Le blianta beaga anuas, tá ionsaithe gafa lastuas den Túinéis, ar ionsaithe iad nár tharla a leithéidí cheana i stair na tíre, amhail an 26 Meitheamh 2015 in aice le Sousse, lá a maraíodh gan trua 39 nduine agus goineadh an líon céanna daoine. Sceimhlitheoir a bhí gléasta mar thurasóir agus a raibh a Kalashnikov folaithe i scáth gréine aige a rinne an slad. Rinneadh 21 turasóir a lámhach chun bás cheana féin an 18 Márta an bhliain chéanna, i músaem Bardo, sa Túinis. Agus an 24 Samhain 2015, d'fhéach sceimhlitheoirí bus le gardaí an uachtaráin a ionsaí. Tharla trí ionsaí ar fhógair ISIS gurb iad ba shiocair leo, sular tharla an ceathrú ceann, a bhí marfach freisin, an 7 Márta 2016 in Ben Guerdane, in aice leis an teorainn leis an Libia, a mharaigh 50 íospartach agus 30 den lucht jiohád.

Tá mionsonraí na n-eachtraí seo ar eolas ag Asma agus a cairde. Trína gníomhaíocht le daoine óga atá dífhostaithe agus atá i mbaol dul leis an ciontóireacht nó atá ar tí a bheith radacaithe, déanann siad iarracht deireadh a chur leis na spadhair bháis atá ag fairsingiú a n-éadóchais. Ba é cuspoir Newsha

Tavakolian an chéim fhíorthábhach seo a thaifeadadh i bpictiúir le codarsnacht idir geal agus dorch. An chuid soiléir, thug Asma na daoine óga seo ar chuairt chuig músaem Bardo chun a thaispeáint dóibh, trí ealaín na mósáice, a fhairsinge atá a stair mór agus gur cúismhórtais í. Dá uireasa, agus an treoir a thug sí dóibh, ní smaoineodh an dream eisiata seo ar dhul chuig áit seo an eolais mar go measfaidís é a bheith coimhthíoch dóibh nó é a bheith toirmiscithe orthu. “Geal” freisin an fuinneamh seo a eascraíonn ó na haghaidheanna daite agus ó na colainneacha agus iad páirteach sa drámaíocht sheiftithe ar chúinne sráide nó i bpáirc in Túinis ionas go bhféadfaí a roinnt le pobal atá fiosrach faoi stair a saol cad iad na “pianta”, na hábhair mhíshuaimhnis agus an náiriú a chuir ar a nglúine iad agus a “mhúscail an fuath” iontu, uaireanta go dtí go mbeadh fonn maraithe orthu nó fonn orthu lámh a chur ina mbás féin, amhail Mohamed Bouazizi. “Geal” chomh maith na líníochtaí seo atá déanta ag na daoine imeallacha céanna nuair a d’iarr Asma agus a foireann orthu an teach a shamhlóidís dóibh féin a dhearadh. “Thuig mé nach raibh aon bhaint ag an radacú le hloslam”, a deir an grianghrafadóir. “Tá na daoine seo ar buile, mar bhraitheann siad go bhfuil siad eisiata ón rathúnas. Is é is cúis leis an díráthú atá orthu ná nach bhfuil aon deiseanna chun dul chun cinn sa saol, mura dtéifidh siad i muinín drugaí a dhíol. An t-ádh, an slándáil fhisiciúil, níl sé ann dóibh. Dhear siad tithe móra chun an t-éagthroime agus na héagóracha a cháineadh, mar braitheann siad gur íospartaigh iad”. Bhí go leor le

foghlaím ón ngníomhaíocht sin. Tharraing cuid acu teach aonair scoite ó thithe eile, chun a thabhairt le fios ar bhealach níos láidre nach cuid den tsochaí iad agus nach mbeidh siad riamh dáiríre ina cuid di. Agus na pinn fheiltbhiorach leagtha amach, spreagtar rannpháirtithe an ghrúpa scéalta a chíoradh, a mhíniú agus a chloisteáil, chomh maith le daoine a chur ar a suaimhneas. Is féidir leis na daoine óga a mothúcháin a chur in iúl gan srian agus gan a cheapadh go bhfuil siad faoi bhreithiúnas nó go mbeidh daoine míshásta leo. Is é cosc na ciontóireachta trí dheamhain agus comhbhá na luachanna a chuaigh i bhfeidhm ar Newsha le linn di a bheith ag tuairisciú ar Asma. Is iad aghaidheanna na ndaoine óga, atá i mbaol go ndéanfar iad a radacú, an chuid dorch. Buachaillí nó cailíní, tá eagla le feiceáil ar a ngnúiseanna. Tá a ndreacha, ar uairibh fulangach, ar uairibh géilliúil nó ceisteach, ar eolas ag Asma. Is ar mhaithe leis na dreacha sin a ruaigeadh go gcomhraiceann sí, in éineacht le daoine óga eile, don tsaoirse chainte sa Túinéis, ionas go dtiocfaidh na daoine eisiata seo ar chúiseanna níos fearr chun fanacht beo seachas bás a fháil nó daoine eile a mharú. “Táim thar a bheith mórtasach as aos óg na Túinéise”, a deir an bhean seo agus í ag meabhrú cuspóirí na réabhlóide: “Dínit, saoirse agus obair”. Ní éagann an dóchas. Nach bhfuair ceithre eagraíocht de shochaí shibhialta na Túinéise Duais Nobel na Síochána in 2015 as ucht an ról mór a bhí acu a chabhraigh le rath an idirphlé náisiúnta? “Táimid tagtha chun bheith mar shamhailchuspa sa tír”, a deir Asma. Beidh cuma mhaith ar an Túinéis amach anseo.



An Túinéis, Túinis.
*Taispeánann duine de na haisteoirí sa
chompántas ar mhúin Fanni Raghman Anni iad
a thatú, "Saoirse" in Araibis.*

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:

An Túinéis, Túinis.
*Breathnaíonn mná, arbh as na ceantair is boichte
in Túinis go príomha dóibh, ar na haisteoirí óga
atá ag cur taibhléiriú sráide i láthair.*







**Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis,
an leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:**
An Túinéis, Túinis.

*Taibhléiriú sráide arna léiriú ag na haisteoirí óga
a oibríonn leis an gcumann Fanni Raghman Anni.
Caitheann an dráma súil siar ar an réabhlóid in
2011 mar aon leis an bhforéigean a tharla ina
dhiaidh sin.*









An Túinéis, Túinis.
*Asma Kaouech i bhfeighil ar cheardlann
drámaíochta.*



An Túinéis, Túinis.
Fuirseoir óg ag cleachtadh.

An Túinéis, Túinis.
*Buachaill ina luí ar chraobh de chrann. Gan
obair agus gan deis acu dul chun cinn sa saol
amach anseo, téann daoine óga áirithe
i muinín grúpaí loslamacha radacacha.*







An Túinéis, Túinis.
*Asma Kaouech agus déagóir sa mhúsaem
náisiúnta in Bardo.*



An Túinéis, Túinis.
Radharc den seanchathair.



Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:

An Túinéis, Túinis.

*Tiománann bus leanaí agus déagóirí de
theaghlaigh bhochta ar chuairt chuig an músaem
náisiúnta in Bardo.*

Ag bun an leathanaigh ar dheis: An Túinéis,
Túinis.

*Portráid den pholaiteoir de chuid an fhreasúra sa
Túinéis, Chokri Belaïd, os cionn droichid i lár na
cathrach.*









An Túinéis, Túinis.
Seanbhallai na cathrach.

An Túinéis, Túinis.
*Déagóir i músaem náisiúnta Bardo le linn de
cheann de na ceardlanna arna eagrú ag an
gcumann Asma Kaouech.*










Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:

An Túinéis, Túinis.

Daoine óga ag freastal ar cheann de na ceardlanna eagraithe ag an gcumann Fanni Raghman Anni. Iarradh ar an rannpháirtithe teach a mianta a dhearadh. Ina dhiaidh sin, phlé siad a smaointe agus spreagadh iad chun na mothúcháin atá acu a chur in iúl. Dhear formhór acu tithe móra, ag cáineadh freisin na héagothromachta agus na héagóracha sóisialta a mbraitheann siad gur íospartaigh díobh iad. Dhear duine acu teach atá scoite amach ó na tithe eile. Dúirt duine eile: “Ní fhéadfainn cathair idéalach a shamhlú mar níl a fhios agam fiú cén dealramh a bheadh uirthi, fiú i mbrionglóid”.



Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:
An Túinéis, Túinis.
*Portráidí de na rannpháirtithe óga a d'fhreastail
ar na ceardlanna eagraithe ag Fanni Raghman
Anni.*




An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Túinéis, Túinis.
*Asma Kaouech le linn léirsithe i gcoinne na
caimiléireachta sa saol polaitiúil.*





An Túinéis, La Marsa.
*Teaghlach ar thrá La Marsa, soir ó thuaidh ón
bpríomhchathair.*





Ameha Mekonnen

An Aetóip



le Enri Canaj

Ná scaipimis sna cheithre hairde: tá an sceimhle i réim san Aetóip! Tá an chomhghuaillíocht atá i gcumhacht le 25 bliain ag sárú chearta an duine mar a tharla in aimsir an sceimhle dheirg, na deachtóireachta Marxach-Leiníneach de chuid an Choirnéil Mengistu agus a ghiunta ag deireadh na 1980í. Tá an t-atmaisféar plúchtach, an eagla sin a phlúchann thú. Is é an mothúchán sin go bhfuil duine do do leanúint an t-am ar fad, go bhfuil duine ag éisteacht leat, go bhfuil duine do do bhagairt, seo gnáthlá do Ameha Mekonnen, dlíodóir atá 45 bliana atá i gceannas ar an gcomhrac, ina aonar a bheag ná a mhór, i gcoinne gach aon duine eile.

Toisc nach bhfuil mórán acu ann, san Aetóip, a chosnaíonn na saoirsí is doshamhlaithe do réimeas forlámhach: an tsaoirse smaointeoireachta, an tsaoirse tuairimíochta, an tsaoirse chun cáineadh, chun agóid adhéanamh agus chun diúltú. Bhí Albert Camus den tuairim nár bhraith sé saonta riamh ach i staid pheile lán le béal, ar ardán in amharclann agus i gclóphláta nuachtáin. Níl ach ceithre áit ar domhan do Ameha, nach bhfuil ciontach in aon rud, ina mbraitheann sé slán sábháilte: ina charr, ina oifig sa Chomhairle um Chearta an Duine, an t-aon eagraíocht neamhspleách um chearta an duine san Aetóip, in ostán in Addis-Abbaba agus, ar deireadh, ina bhaile

féin i measc a mhuintire féin, lena bhean chéile atá ina dlíodóir agus lena bheirt iníonacha atá 7 mbliana agus 4 bliana d'aois.

Mheas an grianghrafadóir ón Albáin, Enri Canaj, a bhí á leanúint ar feadh 6 lá, cé chomh contúirteach a bhí gníomhaíochtaí Ameha. "Theastaigh uaim a chur in iúl gur comhartha dóchais é do na daoine seo go léir a chosnaíonn sé agus a n-éiríonn leis a scaoileadh saor ón bpríosún; blagálaithe agus iriseoirí ina measc. Tá a chuid fuinnimh le brath agus tú ina chomhlúadar agus le féachaint air. Ach theastaigh uaim a shaol a chur i láthair chomh maith, an comhrac laethúil agus na fadhbanna a bhíonn os a chomhair. Cuireann sé é féin i mbaol trí bheith ag cabhrú le daoine atá i mbaol." Ní raibh Enri Canaj in ann obair a dhéanamh

An Aetóip, Addis-Ababa. Lúnasa 2017.
*In oifig Ameha Mekonnen, abhcóide, cosantóir
chearta an duine agus comhalta dhuais
Sakharov.*





mar ba mhian leis. Níorbh fhéidir leis ach rochtain a thabhairt ar limistéir shrianta don ghrianghrafadóir Ameha. Ní raibh seans dá laghad ann go bhféadfaí pictiúir a thógáil in áiteanna poiblí. Ní raibh an bheirt fhear i dteagmháil le chéile ach go fíor-annamh ar an teileafón, iad ag coimeád discréideach. Bhí Ameha an-neirbhíseach. Bhí Enri neirbhíseach chomh maith toisc go raibh air an chúis a raibh sé ann a choimeád faoi chois, bhí smaoineamh aige a rá gur tháinig sé go dtí an Aetóip chun pictiúir a thógáil d'ainmhithe. Dúirt an dlíodóir leis, tamall roimhe sin, gur réachtáil sé gníomhaíocht tiomsaithe airgid in óstán san ardchathair chun airgead a bhailiú dá eagraíocht. Nuair a bhí gach rud réitithe, chuaigh na póilíní isteach ann chun deireadh a chur le gach rud.

An Aetóip, Addis-Ababa.
Natnael Feleke agus Getachew Shiferaw,
scríbhneoirí blag den chomharghrúpa Zón 9.

Mar sin féin, ní théann Ameha Mekonnen i bhfolach ar na húdaráis. Is i ngeall air seo go bhfuil meas ag Enri Canaj air. Bhí sé ábalta bualadh le cúigear as naonúr blagálaithe agus iriseoirí a raibh níos mó ná 1 bhliain caite acu sa phríosún. D'éirigh le Ameha iad a scaoileadh saor, ach ní raibh obair ar bith acu agus dá bhrí sin ní raibh cóir mhaireachtála acu. Ní raibh comhlacht ar bith sásta iad a fhostú cé go raibh na cúisimh i leith sceimhlitheoireachta a tugadh ina gcoinne bréagach. Tá dearcadh diúltach ag an réimeas ina leith toisc go bhfreastalaíonn sé ar na hiarphríosúnaigh seo. D'inis siad don ghrianghrafadóir faoi na drochchoinníollacha coinneála sna cillíní caola áit a raibh siad ag plúchadh. Chuir Ameha blagálaí óg ón ngrúpa *Zone 9* i láthair Enri chomh maith, cailín a cuireadh sa phríosún agus ar caitheadh go dona léi ar feadh 14 mhí. "Bheartaigh Ameha í a chosaint láithreach", a mhíníonn an grianghrafadóir. "Bhí sé ag smaoineamh faoina chlann iníon féin. Ní fhéadfadh sé déileáil leis dá dtarlódh a leithéid do dhuine acu lá éigin. Is é a theaghlach a chnámh droma. Is é a theaghlach a spreagann é agus a thugann misneach dó tabhairt faoina chuid oibre go fonnmhar. Theastaigh uaim an méid seo a leanas a léiriú chomh maith sna grianghraif: a chuid misnigh, a chuid luachanna, a chuid ábhar buartha agus a ábhair amhrais, a dhúthracht mar dhlíodóir ach mar athair chomh maith." Cé go gcuireann sé as dó nach raibh sé ábalta pictiúir an-mhaith den fhear seo a thógáil don toadhcháir ar chúiseanna slándála, d'fhág eachtra amháin a lorg ar Enri Canaja mhairfidh i bhfad. Lá amháin, bhris an t-ardaitheoir síos

nuair a bhí Ameha ag bualadh le comhaltaí dá choiste. Bíonn Ameha ag siúl le bata ina lámh aige i gcónaí. Bhí air dul suas na staighrí, céim i ndiaidh céime, go mall. Bhí íochtar a bhata ag bualadh na talún. "Meafar iontach ab ea é chun cur síos a dhéanamh ar a throid ar son chearta an duine."

Ní focla folmha amháin atá sa mhisneach a léiríonn an duine seo a chosnaíonn na saoirsí bunúsacha. Ó Shamhain 2015, tá an tír buailte ag suaitheadh tromchúiseach atá curtha faoi chois go foréigneach ag rialtas lárnach an phobail Tigréach, eitneacht mhionlach san Aetóip. Cuireann na Oromo, arbh iad an tromlach eitneach, in aghaidh dhíshealbhú a gcuid tailte ar mhaithe le mórchomhlachtaí eachtrannacha. Bhain na húdaráis díoltas amach níos mó ná uair amháin le foréigean rud a d'fhág 800 duine marbh agus na mílte léirsitheoirí gafa agus coimeádta de réir figiúir ó *Amnesty International*. Tá an staid seo ag dul in olcas ón 9 Deireadh Fómhair 2016 ar aghaidh nuair a d'fhógair an rialtas staid éigeandála. Tharla sé seo arís i mí an Mhárta 2017 ach cuireadh deireadh leis an 4 Aibreán den bhliain chéanna. Ach idir an dá linn, gabhadh 30 000 duine, bhí neart iriseoirí agus ceannairí an fhreasúra ina measc. Theastaigh ón mbeagán gníomhaithe a labhair leis na meáin fanacht gan ainm. Ba chuimhin leis na hiarchimí fós an íde tháireach. "Thug na póilíní orthu rolláil timpeall cosúil le nathracha ar an ngairbhéal, stánadh ar an ngrian, léim cosúil le cangarúnna, na cosa le chéile, ar feadh na gcéadta méadar", a scríobh an blagálaí Aetópach Seyoum Teshome,



An Aetóip, Addis-Ababa.
Ameha Mekonnen ag dul chun a oifige, i gceantar Bole.



An Aetóip, Addis-Ababa.
*Téann Ameha Mekonnen chuig bialann in aice
lena áit oibre.*

cuntas a thug Émiline Wuilbercq in *Le Monde Afrique* an 26 Bealtaine 2017. Cad iad na coireanna a bhí i gceist? Cháin siad an t-éilliú ag an leibhéal is airde sa Stát, an gháinneáil ar thailte chun dochair do na daoine atá eisiata. Rinne siad agóid in aghaidh na neamhionannas suntasach, dálaí maireachtála na ndaoine ba bhoichte a bhí ag dul in olcas. Cé go gcáineann sé an rialtas, diúltaíonn Ameha é a lochtú maidir le heaschairdeas eitneach a chuirfeadh in aghaidh na dTigréach a bheith i gcumhacht mar aon le grúpaí eile. “Téann an fhís seo in aghaidh mo choinsiasa”, a áitíonn sé. “Dar liom, is dhá eintiteas ar leith iad an pobal agus an grúpa atá i réim.”

Dar leis an bhfear dea-chroíoch seo, cluiche crua atá ann. Taobh thiar dá umhlaíochta atá dáiríre — “Ba cheart go dtabharfaí cosantóirí eile chearta an duine”, a deir sé, “chun cinn i bhfad níos luaithe ná mise” — tá ceannánacht, ní ghéilleann an dlíodóir orlach nuair atá contúirt agus imeaglú roimhe. Seasann sé lena chuid tuairimí go neamhbhalbh: “Troidim ar son na saoirse cainte. Is tromchúiseach an méid atá ag titim amach sa bhaile. Go teoiriciúil, tá ár mbunreacht foirfe maidir le cearta an duine. Ach ní bhraitheann ár rialtas go bhfuil siad faoi cheangal ag an gcáipéis seo! Déantar ciapadh ar bhaill ár n-eagraíochta go mion minic, is minic a chaith triúr acu sealanna sa phríosún. Is é an sainmhíniú ar an sceimhlitheoireacht san Aetóip an sainmhíniú is forleithne chomh fada agus is eol dom. I súile an réimis reatha, tá ábhar sceimhlitheoireachta i ngach aon duine! Is é an t-aon rud a dhéanann iriseoirí agus

ceannairí an fhreasúra ná tuairimí a nochtadh atá i gcoinne thuairimí an rialtais. D’fhéadfadh siad mé a chur sa phríosún díreach toisc go bhfuilim ag labhairt leatsa. Braithim i gcónaí i mbaol. Ní chuireann sé seo bac orm labhairt go poiblí chun mírialtachtaí a cháineadh. Déanaim an oiread sin de bhreis ar mo chuid oibre mar dhlíodóir agus i bhfad níos mó ná sin. Déanaim mo dhícheall chun go mbeadh an sárú is lú ar an dlí ar eolas ag an bpobal.”

Tá sé macánta. Tá sé ina mháistir ar a chuid cásanna, cuireann sé é féin i mbaol go minic chun a chliaint a chosaint. Tá a bhformhór sa phríosún. Tabharfaidh sé cuairt orthu, ag deimhniú a gcuid cearta gan teip. Is Sasanaigh, Gearmánaigh nó Ioruaigh iad cuid acu chomh maith. Níorbh fhéidir faic a dhéanamh gan eagar na Comhairle um Chearta an Duine a bhfuil triúr dlíodóirí as cúigear ball buana ag obair inti in ainneoin acmhainní laghdaithe. “Tá an méid a dhéanaim dlíthiúil”, a deir Ameha arís, “ach ní go bog a théim i mbun cearta a éileamh do na daoine atá á gcosaint agam.” Sofhriotal is ea é seo le rá go bhféadfadh a chur chuige ionraic fadhbanna móra a chruthú dó am éigin sa todhchaí. Leanann sé air mar sin féin. Is é seo a ghairm. Is é an *raison d’être* atá aige ná nach bhfaighidh duine ar bith bás de bharr na heagla ná an éadóchais san Aetóip, nach bhfaighidh duine ar bith bás de bharr na drochíde ná nach bhfaighidh duine ar bith bás de bharr a chuid tuairimí.

Chuir Ameha spéis sna cearta bunúsacha in 2006 den chéad uair. Bhí sé ina dhlíodóir i seirbhís an rialtais. Lá amháin, theastaigh





An Aetóip, Addis-Ababa.

Cruinniú de bhlagálaithe den chomharghrúpa Zone 9. Ó chlé go deas: Natnael Feleke, 30 bliana d'aois, gafa ar feadh 1 bhliain agus 6 mhí; Atnaf Berahane, 28 mbliana d'aois, gafa in 2014 agus coimeádta ar feadh 1 bhliain agus 5 mhí, Mahlet Fantahun, 33 bliana d'aois, gafa in 2015 agus coimeádta ar feadh 15 mhí; an t-iriseoir Getachew Shiferaw, 32 bliana d'aois, gafa go minic agus a bhfuil a chás fós ar feitheamh.



ón rialtas piónós a ghearradh ar léachtóir iomráiteach mar gheall ar thuairimí a chuir sé i láthair a chuid mac léinn. Dhiúltaigh Ameha comhoibriú leo. Fuarthas díoltas air agus rinneadh ciapadh air mar gheall ar an leisce a bhí air comhoibriú leis an rialtas; cuireadh bac air feabhas a chur air féin i saol an dlí agus máistreacht a dhéanamh. Bhí a chinneadh déanta. D'éirigh sé as a chuid freagrachtaí chun díriú go huile is go hiomlán ar dhaoine a chosaint ar cuireadh an dlí orthu mar gheall ar chion tuairimíochta. "Ní polaiteoir mé", a mhíníonn sé. "Faoi láthair, braitheann 36 dhuine a cúisíodh i sceimhlitheoireacht orm.

Táim freagrach as 3 choiste ag an gComhairle um Chearta an Duine, áit a bhfuil mé ag obair mar oibrí deonach: an coiste um thiomsú airgid, an coiste a bhfuil freagracht air as an gcaidreamh idirnáisiúnta agus an coiste oideachais um chearta an duine." In ainneoin a chuid freagrachtaí, fanann sé síochánta i measc a phobail féin. I súile a bheirt iníonacha, feiceann sé todhchaí a thíre féin. Todhchaí a dteastaíonn uaidh a bheith síochánta, sona agus suaimhneach. "Táim lán le dóchas. Sin an fáth go bhfanfaidh mé san Aetóip." Deir sé arís é: "Níl an t-aitheantas seo tuillte agam."



An leathanach ar chlé:

An Aetóip, Addis-Ababa.

Ina oifig dhlíodóra.

Ó chlé go deas, ón mbarr go bun: An Aetóip, Addis-Ababa.

In oifigí Human Rights Council, portráidí de dhaoine ar mharaigh nó ar ghoin na húdaráis iad. Níor ionchúisíodh aon duine sna coireanna sin go dtí seo.

In oifig Ameha Mekonnen. In 2015, chuaigh sé le Human Rights Council agus roghnaíodh mar leasuachtarán é. Mana an chumann: "Gach ceann de chearta an duine do chách."

Ameha Mekonnen agus duine dá chomhghleacaithe in áitreabh Human Rights Council.



An Aetóip, Addis-Ababa.
Mahlet Fantahun agus Atnaf Berahane.



An Aetóip, Addis-Ababa.
Radharc den chathair.





An Aetóip, Addis-Ababa.
Chaith Natnael Feleke 1 bhliain agus 6 mhí sa phríosún. "Bhí an t-ádh orm", arsa seisean. Tar éis dó bheith ligthe saor, fuair sé post. Céim atá fós an-deacair do na blagálaithe eile.



Na leathanaigh ar chlé agus ar dheis:

An Aetóip, Addis-Ababa.

Ameha Mekonnen ar dhíon fhoirgneamh Human Rights Council.



An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Aetóip, Addis-Ababa.
*Ameha Mekonnen i mbruachbhaile Addis-Ababa
amach sa tráthnóna.*







An Aetóip, Addis-Ababa.
*Culaith Ameha Mekonnen ar crochadh
ó chófra ina sheomra codlata.*



An Aetóip, Addis-Ababa.
*Féachann Ameha Mekonnen agus a leanaí ar
an teilifís.*

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Aetóip, Addis-Ababa.
*Teaghlach Ameha i gclós a thí, tráthnóna
Domhnaigh.*






An Aetóip, Addis-Ababa.
I seomra suí Ameha Mekonnen.





An Aetóip, Addis-Ababa.
*Ameha, a bhean chéile agus an iníon is óige acu le
linn béile teaghlaigh.*


An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Aetóip, Addis-Ababa.
*Ameha Mekonnen i rith a shos lóin, i mbialann
gar dá oifig.*







An Aetóip, Addis-Ababa.
*Tiománann Ameha Mekonnen chun a oifige, sa
cheantar Bole.*



An Aetóip, Addis-Ababa.
*Ameha Mekonnen in óstán teaghlaigh a bhfuil
eolas maith aige air. Ceann den bheagán
áiteanna ina mbraitheann sé slán.*

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Aetóip, Addis-Ababa.
*Ameha Mekonnen ar dhíon fhoirgneamh Human
Rights Council.*





Jadranka Miličević

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin



le Bieke Depoorter

Chun aithne a chur ar Jadranka Miličević, chun í a thuiscint agus meabhair a bhaint as cé chomh tiomanta is atá sí, is gá cuimhneamh ar na huafáis ar chuir sí suas leo. Is leor a rá go bhfuair 200 000 duine bás sna huafáis sin: léigear Shairéavó; sléacht Srebrenica; cogadh na mBalcán; an ciapadh sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin tráth a raibh an náisiúnachas ag teacht chun cinn as smionagar na hiar-lúgslaive.

Ceann de na heachtraí ab fhuiltí agus ba mharfaí le linn an dara leath den 20ú haois ab ea é, tar éis thitim Bhalla Bheirlín agus an Chumannachais Shóivéadaigh. Ní féidir an iomarca béime a chur air: idir 1992 agus 1995, 2 uair an chloig ar eitilt ó Pháras agus ó Bheirlín, ar ghort an bhaile, ba í an Eoraip an suíomh do bharbarthacht nach raibh sí in ann deireadh a chur léi ina haonar. B'éigean fanacht le Comhaontú Síochána Dayton ó na Stáit Aontaithe, a rinneadh in Ohio i mí na Nollag 1995, sula bhféadfaí deireadh a chur leis an gcogaíocht idir-eitneach. Ba é seo ceann de na chéad rudaí a thug Bieke Depoorter faoi deara, an grianghrafadóir a thaistil chun bualadh le Jadranka, 60 bliain d'aois. Labhraíonn sí agus labhraíonn sí. Ní stopann sí ag labhairt, ag scéalaíocht, ag cuimhneamh siar agus í cinnte gurb é an

bealach is fearr atá ann le troid ar son na síochána ná cuimhneamh ar an uafás a thit amach. Mar a bheadh inné ann; níos lú ná 25 bliana ó shin. Glúin ó shin ar éigin. Bhí an smaoineamh ann go bhféadfaí an rud céanna a thosú arís mura mbeimis cúramach, mura mbeifí ag déanamh athrá *ad nauseam* ar an méid a thit amach sa chuid seo de na Balcáin. Éigniú déanta ar na mílte ban, fir, mná agus leanaí easáitithe in aghaidh a dtola, iad ionsaithe agus smachtaithe. Glanadh eitneach ar mhórsála ar mhaithe le híonghlánadh ciniúil den seandéanamh. Drochíde ar gach taobh, ó ghrúpaí paraimíleata agus ó mhíleataigh príobháideacha; sibhialtaigh i gcoinne sibhialtaigh eile, deartháireacha in aghaidh a chéile, mar a bheadh daoine fiáine ann. Is léir, mar sin, gur duine cainteach í Jadranka, bean atá in ann labhairt go tréan. Creideann sí i gcumhacht na bhfocal seachas marbhántacht na díchuimhne. Beidh na scéalta i gcónaí againn má chuirimid ar aghaidh iad agus má roinnimid iad, ní imeoidh siad go deo ón gcuimhne choiteann. Inniu, tá

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Sairéavó. Lúnasa 2017.

Jadranka Miličević, gníomhaí ar son chearta an duine agus comhalta dhuais Sakharov, ag tabhairt cuairt ar theach de theaghlach Romach.





An leathanach dúbailte roimhe seo:
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Vareš.
Elda Šišić, iníon Lejla Omerović.

insint ar a saol trodach le fáil i 7 leabhar agus in 2 scannán. Níl cultas pearsan ar bith ag baint léi, ná baol air. Trí shampla a thabhairt, éiríonn léi a cur chuige a dhéanamh níos iontaofa agus bealach atá ann di gníomhú.

In 1992, bhí cónaí ar Jadranka i Sairéavó an oíche roimh an gcoimhlint. Gnáthshaol a bhí aici, lena fear céile agus a beirt leanaí. “Bhí mé ag obair i mbanc; ba den mheánaicme mé. D’fhág mé Sairéavó agus ghlac mé dídean sa tSeirbia ag tús na coimhlinte. A luaithe is a rinneadh dídeanaí díom, tháinig mé chun bheith i mo ghníomhaí ar son chearta an duine freisin. Níor theastaigh uaim fanacht go dtiocfadh duine i dtarrtháil orm. Mise a bhí ag iarraidh cabhrú le daoine eile. Deirim go fírinneach gur fhág mé agus mé ag mothú ciontach. D’fhág mé m’fhear céile i Sairéavó. Ní raibh mé in ann faic a dhéanamh.” Chuaigh sí isteach san eagraíocht fheimineach agus shíochánta Na Mná Dúghléasta (“Women in Black”). Tús comhraic nach mbeadh deireadh leis go deo. “Chuir mé tús le mo shaol nua”, a chuimhníonn Jadranka. “An t-aon saol amháin a thaitníonn liom. Bhraith mé go raibh 30 bliain caillte agam, an chéad 30 bliain de mo shaol.” In Na Mná Dúghléasta, chuir Jadranka aithne ar “choimeádaithe síochána” eile a bhfuil cónaí orthu san Iodáil, sa Spáinn, sa Ghearmáin agus san Ungáir. Le chéile, chruthaigh siad gréasáin tacaíochta chun tacú le mná ar tugadh drochíde dóibh. Bailíonn siad agus malartaíonn siad scéalta daoine a chónaíonn i gceantair ina raibh coinbhleachtaí, amhail an Bhoisnia agus an Chróit; tugann Jadranka a “cairde” orthu.

“Chruthaíomar saothair i mBéarla ina raibh cuntais ó dhaoine éagsúla.” An aidhm chéanna i gcónaí, an nath seanchaite: foilsiú ionas nach ligfear i ndearmad; labhairt chun an tsíocháin a choimeád. Dá bhrí sin, bhí an gníomhaí seo páirteach i mbunú na hEagraíochta CURE Sarajevo, eagraíocht neamhrialtasach (ENR), fheimineach agus ghníomhaíoch a raibh mar aidhm aici comhionannas inscne a chur chun cinn agus an tsochaí a fhorbairt go dearfa trí chláir oideachasúla agus chultúrtha. Cabhraíonn Jadranka le craobhacha áitiúla CURE a chruthú agus reáchtálann sí cúrsaí oiliúna chun gur féidir le daoine a riachtanais ábhartha a chomhlíonadh. Foghlaimítear conas mil agus cuisíní cumhraithe le labhandar a dhíol i ngrúpaí beaga, tugtar comhairle agus uirlisí dá chéile chun maireachtáil i dtimpeallacht ina bhfuil na mná fós fágtha ar an imeall, fiú tar éis an chogaidh. Na mná Romacha go háirithe. Seo an saol a bhí lán le fulaingt a spreag Jadranka dul i bpáirt le CARE, ENR eile a bhí tiomanta go hiomlán do chabhair a thabhairt do mhná Romacha a raibh leithcheal á dhéanamh orthu.

CURE agus CARE: Tá saol Jadranka fite fuaite leis an 2 eagraíocht seo atá a reáchtáil aici sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, sa tSeirbia agus i Montainéagró. Gníomhaí ar an uile bhealach, 24 uaire a chloig in aghaidh an lae. Níl saol pearsanta ar bith aici — ná saol príobháideach. Ní bhíonn spás ar an gclár ama ach d’obair allamuigh, d’oiliúint, do thionscadail a ullmhú agus do chomhaontuithe maidir le maoiniú ón Aontas Eorpach a fháil. “Ní fheicimid riamh

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Vareš.
 Tugann Jadranka cuairt ar Lejla Omerović,
 a bhfuil cónaí uirthi i sráidbhaile iargúlta in aice le
 Vareš. In 2014, scrios tuile cuid de theach Lejla.
 Chabhraigh an Fhondúireacht CURE léi trí airgead
 a thiomsú chun a teach a dheisiú, ach tá airgead
 fós de dhíth orthu le gur féidir tús a chur leis
 an obair.

Jadranka Miličević



ár máthair”, a admhaíonn mac léi. I gcónaí ag taisteal chun na ceardlanna a reáchtáil. “Sin é a saol”, a deir Bieke Depoorter. “Is é sin an t-aon rud é a bhfuil tábhacht leis. Ní theastaíonn uaithi “tairbhithe” a thabhairt ar na daoine a gcabhraíonn sí leo. Is é a tharlaíonn sa deireadh ná go n-éiríonn formhór acu cairdiúil léi.” D’fhéadfaimis a rá gurb iad a teaghlach eile, murab ann nó a teaghlach dílis, iad. “Chuamar, le chéile, go Sairéavó ar thuras go roinnt sráidbhailte in aice láimhe”, a dúirt an fóta-iriseoir. “Bhí sé seo an-tábhachtach do Jadranka. Theastaigh uaithi go dtógfainn pictiúir di sna ceantair seo. Gach bliain, ag

deireadh mhí Iúil, téann sí go Srebrenica le go leor ball ón bhfondúireacht CURE agus ó Na Mná Dúghléasta chun cuairt a thabhairt ar chuimhneachán na n-íospartach. Déanann sí gach iarracht cuimhne na n-ainghníomhartha a chaomhnú.” a deir Jadranka go sollúnta: “Theastaigh uaim na háiteanna seo a thaispeáint do Bieke. Chaill daoine áirithe a bhfuil aithne agam orthu a dteaghlach go léir anseo. Chonaic ceann de mo chairde 56 dá theaghlach ag imeacht as radharc.” A bhuí le tionscnaíocht na mban cosúil le Jadranka in 2003, nochtadh cuimhneachán ar Srebrenica-Potočari 8 mbliana i ndiaidh



an tsléachta. “Táimid ag iarraidh brú a chur ar an rialtas áiteanna cuimhneacháin a thógáil. Cabhraímid le mná aonair chomh maith, baintreacha ón gcogadh, a gcearta a chosaint. Agus dar ndóigh, táimid ar lorg coirp na ndaoine atá ar iarraidh. Tá 8 372 ainm scríofa ar liosta na n-íospartach ag leacht cuimhneacháin Srebrenica-Potočari ach ní dhearnadh ach 6 800 corp a aimsiú agus a sainaithint. Tá na baintreacha agus na

máithreacha ag fanacht ar an lá go mbeidh siad in ann a gcuid gaolta a chaoineadh i gceart. Fiú tar éis na mblianta fada, tá cúrsaí an-léanmhar go fóill. Conas is féidir filleadh ar ghnáthshaol leis an méid daoine a fuair bás?”

Ní raibh an tuairisc seo éasca do Bieke Depoorter. Tá meas an domhain aici do Jadranka mar gheall ar a cuid gníomhachais leanúnaigh, an chaoi a n-éilíonn sí

feimineachas daingean, a ceannaránacht maidir le cumhacht a thabhairt do mhná, cead a thabhairt dóibh cúraimí an tsaoil a ghlacadh orthu féin, a bheith neamhspleách agus leas iomlán a bhaint as a gcearta. Mar sin féin, bhí ar an ngrianghrafadóir dul i dtaithí ar an méid a cheadaigh Jadranka di a fheiceáil. Gach áit a ndeachaigh sí, ó na Stáit Aontaithe go dtí an Éigipt tráth na réabhlóide, theastaigh ó Bieke dlúthchaidreamh a bhunú leis na daoine a bhí mar ábhar dá cuid grianghraf aici. Is ionann grianghraf agus comhrá do Bieke. “Tá an caidreamh leis na daoine fíorthábhachtach”, a deir Bieke. “Go minic, ní theastaíonn uathu go dtógfaí pictiúir díobh. Sa Bhoisnia, rinne mé iarracht mo phróiseas a mhíniú do Jadranka toisc go raibh eagla uirthi go dtaispeánfainn bochtaineacht a dtithe. Bhí mé ábalta mo rogha rud a dhéanamh ar an oíche dheireanach. Is é sin an chaoi is fearr liom é. Suí síos ar leaba na ndaoine a chuireann fáilte romham. A bheith i m’aonar le teaghlach. Muinín a chothú ar mhaithe leis an atmaisféar ceart a chruthú.”

Níl easpa daonnachta i ngrianghraif Bieke. Cónaíonn Lejla ina haonar i sráidbhaile. Rinneadh éigniú uirthi le linn an chogaidh,

bhíodh a fear céile á bualadh, agus tá sí tréigthe ag a teaghlach; tá a saol dúshlánach. “Cabhraíonn a cuid crógachta léi a bheith sona sa lá atá inniu ann”, a thugann Jadranka le fios, agus an-chion aici ar an mbean óg. Thug sí tacaíocht riachtanach di, le cabhair ó CURE, nuair a thug sí inneall fuála di a chuireann ar a cumas táirgí lámhdhéanta a dhéanamh agus a dhíol. In 2014, scrios tuilte an teach a bhí ag Lejla. Rinne ENR Jadranka idirghabháil arís chun an bhean óg a tharrtháil agus chun í a choinneáil amach ón nguagacht a bhí ag bagairt gan stad. Seo gnáthlá don bhean thiomanta seo. Bíodh sí i Sairéavó, i Montainéagró nó sa tSeirbia, tá sí tiomanta do chabhair a thabhairt do mhná Romacha atá faoi chúram CARE. Ag 17:00, agus an chéad pháirt dá lá thart, tugann sí faoina cuid oibre i gcomhair CURE. “Tá cúnamh tugtha againn do 15 000 bean Romach agus Románach go dtí seo. Chuireamar ar a gcumas dul chuig an dochtúir chun dul faoi mhamagrafaíocht. Bailímid airgead chun scoileanna a mhaoiniú, chun cabhrú leo siúd is mó beagdheise a dteach a choimeád.” Fad is a bheidh sí i mbarr a sláinte, treabhfaidh sí ar aghaidh ar an mbealach seo. “Is é a chabhraigh liom maireachtáil ná bheith i mo ghníomhaí agus aire a thabhairt do dhaoine eile”, a deir Jadranka.



An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Vareš.
Elda Šišić, iníon Lejla Omerović.



An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo: An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Visoko.
Is é teach Mirsada Bešić an t-aon teach sa réigiún ina bhfuil uisce reatha. Tagann a comharsana ann chun uisce a fháil.







An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Visoko.
Harun le bó de chuid mhuintir Bešić.



An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Vareš.
Lejla Omerović agus a muintir i ngort.





An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Sokolac. Labhraíonn Jadranka le feimineach óg, Jovana Boljanić, agus a hathair, Bogdan. Chuir Jovana agus Jadranka aithne ar a chéile ag ceann de na ceardlanna a d'eagraigh Jadranka. Chuir Jovana Art Queer, eagraíocht feachtais, ar bun. Ar dtús báire, bhí athair agus deartháir Jovana i gcoinne a gníomhaíochais agus bhí uirthi freastal ar na cruinnithe go rúnda. Tacaíonn athair Jovana níos mó léi ar na saolta seo agus thug sé cead do Jadranka cuairt a thabhairt ar a dteach den chéad uair.

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Sokolac. Jovana Boljanić ina seomra codlata, an áit ina mbraitheann sí ar a compord aisti féin. Coinníonn sí nithe éagsúla ansin, amhail a bratach ar a bhfuil dathanna an stua ceatha, a choinníonn sí i bhfolach mar sin féin óna deartháir agus óna hathair.











An leathanach dúbailte roimhe seo:

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Sokolac.
*A naprún dearg á chaitheamh ag Jovana, mar
chuimhneachán ar cheardlann a d'eagraigh
Jadranka agus ar ar fhreastail sí 7mbliana ó shin.
Ó shin i leith, d'fhan an bheirt bean i dteagmháil
lena chéile. Tá baile dúchais Jovana thar a bheith
coimeádach; deir sí gurb í an chéad chailín ann í a
chaith jions riamh.*

Thuas: An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin,
Sairéavó.
Asja, cúntóir Jadranka.



An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.
*Jadranka ar a bealach le linn a cuairte ar
an gcuimhneachán in Srebrenica.*

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Srebrenica.
*Gach bliain, ag deireadh mhí Iúil, rachadh sí go
Srebrenica in éineacht leis na comhaltaí den
Fhondúireacht CURE agus de Na Mná Dúghléasta
mar chomhartha cuimhneacháin ar
an gcinedhíothú.*







An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin.
Taistealaíonn Jadranka ar fud na Boisnia, na
Seirbia agus Mhontainéagró chun a ceardlanna
a eagrú.



An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Sairéavó. Labhraíonn Jadranka le Majka Mejra ("Máthair Mika"). Chaill Mejra a beirt leanaí agus a fear chéile le linn an chogaidh. Cuireadh a teaghlach i bpríosún in 1998 agus cuireadh chun báis ina dhiaidh sin iad. Chaith sí na blianta ag iarraidh a gcorpáin a aimsiú. Cabhraíonn sí anois le teaghlaigh eile chun a dtuismitheoirí atá in easnamh a aimsiú.

An dá leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:

An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Kakanj. I dteach Nuna Zemina Vehabović. Chuir Nuna an tionscadal "Centre for Mother Hope" ar bun in éineacht le cara léi, ach is í féin amháin a stiúránn anois é. Is comhalta den rialtas áitiúil í freisin agus bhí baint aici le cosaint na Romach in Kakanj. Tá cónaí ar bhreis agus 2 600 acu le chéile i gceantar amháin ar an mbaile.











Thuas, an leathanach ar dheis, ar barr agus
an leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Kakanj.
I dteach Nuna Zemina Vehabović.



Thuas: An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin,
Sairéavó.
I dteach cheann de na teaghlaigh Romacha.





An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo: An Bhoisnia agus
an Heirseagaivéin, Sairéavó.
Jadranka ina teach féin.





Cosnaíonn siad ár saoirsí

le Éric Fottorino

Ceartha an duine. Trí fhocal bheaga le stair fhada. Trí fhocal bheaga loma a seasann sa bhearna idir an cine daonna agus é féin. Is iomaí coincheap agus coinbhleacht a d'eascair as an nath "cearta an duine". Nach iomaí duine a céasadh agus a maraíodh faoi thionchar an natha sin; nach iomaí sin cairt, rún, prótacal, comhaontú, coinbhinsiún agus achainí a síníodh faoi scáth chearta an duine, agus is minic an dóchas agus an streachailt i gcoinne na haondeonachta ag gabháil leis; nach iomaí áit ar domhan ar éirigh le neart an dlí an lámh in uachtar a fháil ar dhlíthe nó mídhleathacht an fhorhírt.

Ach, ní gá go mairfeadh tionchar na n-éachtaí atá bainte amach. Ní féidir a bheith ag brath ar "nach dtarlóidh a leithéidí arís". D'ainneoin na dtéacsanna is sollúnta atá ina gceangal ar náisiúin an domhain, chonacthas cinédhíothú athuair san 20ú haois, cé go raibh sé beartaithe le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (Mí na Nollag 1948) nach ngéillfí dá leithéidí arís.

Dearbhaítear an méid seo sa bhrollach: "De bhrí gur thionscain an neamhaird agus an mímhéas ar chearta an duine gníomhartha barbartha a chuir uafás ar chionsias an chine dhaonna, agus go bhfuil forógartha gurb é an meanmarc is uaisle ag an gcoitiantacht saol a thabhairt i réim a bhéarfais don duine saoire chainte agus chreidimh agus saoirse ó eagla agus ó anagar". Tá rian na n-údar, Eleanor Roosevelt agus an dlíodóir Francach René Cassin le sonrú ar Airteagal 1 den téacs: "Saolaítear na daoine uile saor agus comhionann ina ndínit agus ina gcearta". Tharlódh sléachtanna eile i ndiaidh an uileloiscithe, sléachtanna sa Chambóid faoi lámh láidir Pol Pot agus an Khmers Rouge, an cinédhíothú i Ruanda, an slad a rinne saighdiúirí Srebrenica sa tSeirbia ar phobal na Boisnia. Arís is arís eile, bhain áir ar fud an domhain an bonn ó na cearta bunúsacha seo, áir i Meiriceá Laidineach, in Darfur, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, san Iaráic, in Éimin agus sa tSiria, — agus ní liosta uileghabhálach é sin. Mar sin féin, dearbhaíonn





An leathanach dúbailte roimhe seo:
Moises Saman. An Libia, Zawiyah. 2011.
Taispeánann gníomhaí ar thaobh Qudafi portráid den deachtóir.

Thíos:
Larry Towell. Na Críocha Palaistíneacha,
Gaza. 1993.
Leanaí ag súgradh le piostail phlaisteacha.

an pobal idirnáisiúnta gur cearta iad atá uilechoiteann, doshannta agus dosháraithe.

Dá ndéanfaí liosta de na lochtanna móra i measc daoine, thabharfaí chun solais ar a laghad trí chineál diansmachta ar mhórsála a mhair taobh le chéile tar éis dheireadh an Dara Cogadh Domhanda. Faoin gcumannachas Stáit, a bhí ollsmachtach agus impiriúlach, coinníodh príosúnaigh i gcampaí oibre Gulag na Sóivéadach, agus chuir lámh láidir Mhoscó cosc ar aon éirí amach i dtíortha spleácha an Aontais Shóivéadaigh mar a bhí — Búdaipeist in 1956 agus Prág in 1968. Le linn éirí amach cultúrtha na Síne maraíodh na milliúin idir 1966 agus 1968, gan trácht ar chur faoi chois éirí amach na mac léinn ollscoile a tharla ar chearnóg Tiananmen agus sléacht na dTibéadach síochánta. Ina dhiaidh sin, scrios cogáí coilíneacha pobail i Vítneam agus ar ilchríoch na hAfraice, caitheadh leis na leanaí mar a bheadh fodar gunna mhóir ann, baineadh mí-úsáid ghnéasach as mná, agus asáitíodh na milliúin amach ar dheoraíocht. Ní i Vítneam amháin a tharla sé sin, ach tharla sé i gcogadh na hAilgéire chomh maith. Gan trácht ar na deachtóirí i Meiriceá Laidineach, idir Vargas na Brasaíle, Pinochet na Sile agus Ginearál Videla ó ghiunta míleata na hAirgintíne. Le linn na 1970í, tharla roinnt de na sárúithe is measa ar chearta an duine faoina réim. Ná déanaimis dearmad ar na daoine óga a sheas an fód agus a caitheadh isteach san fharraige as héileacaptair nó agóid Mháithreacha *Plaza de Mayo*, ar thug an lucht míleata “Gealta Plaza de Mayo” orthu, mná a bhí ag comhrac chun go n-aimseoidís







Alex Webb
Nicaragua, Puerto Cabezas. 1992.
Leanbh den mhionlach Miskitu.

a leanaí, ar fuadaíodh iad le linn oíche fhada sceimhle na hAirgintíne. Bronnadh duais Sakharaov ar na máithreacha cróga sin sa bhliain 1992, gradam anois a bhfuiltear ag comóradh 30 bliain ó bunaíodh é.

Ní gá ach liosta bhuaiteoirí an ghradaim seo a léamh chun léargas a fháil ar a fhairsinge is atá an comhrac ar son chearta an duine agus é á throid i ngach réimse den saol: urraim don daonlathas, saoirse smaointeoireachta a ráthú, comhrac i gcoinne an chéasta agus i gcoinne idirdhealú éagórach de gach sórt, cáineadh ar bhaint threallach na saoirse ar fhorais a bhaineann le creideamh, cine, polaitíocht nó gnéaschlaonadh. Is ar Nelson Mandela agus Antoli Martchenko (tar éis a bháis) a céadbhronnadh an gradam seo in 1988. Cé go bhfuil mian Pharlaimint na hEorpa cearta bunúsacha a chosaint ina bhunchloch ag an ngradam seo, ní hé sin amháin atá i gceist leis. Féachann sé freisin le tacaíocht a thabhairt d'fhir agus do mhná atá i mórbaol ina dtíortha féin agus iad ag cur saoirsí chun cinn. Trí aird a tharraingt ar a bhfuil ar bun acu is féidir iad a chosaint freisin ar a naimhde ach tacaíocht os ard a thabhairt dóibh. Mar, is mion minic gur gníomhaíocht chontúirteach í saoirsí agus daonlathas a chosaint — gníomhaíocht ar minic a bhfuil an bás mar luach saothair uirthi. I measc bhuaiteoirí duais Sakharaov, tá laochra nach raibh mórán trácht orthu tráth dá raibh,

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo: **Hiroji Kubota**
An Chóiré Thuaidh, Chongjin. 1986.
Portráid ollmhór den uachtarán Kim Il Sung ag an mbealach isteach chuig ionad oibreacha iarainn Kim Chaek.

atá anois ina n-urlabhraithe ar son chearta an duine. Dála an Dochtúra Denis Mukwege, fear a shábháil an oiread sin ban a ndearnadh cithréim fhíochmhar orthu i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, an Pacastánach óg Malala Yousafzaï nó fiú an bheirt bhan ón Iaráic Nadia Mourad agus Lamiya Aji Bachar, ar éirigh leo éalú ó na hainghníomhartha is fíochmhaire de chuid ISIS agus iad anois ina lóchrainn solais sa chomhrac i gcoinne ghainneáil ar mhná. Máithreacha, ealaíontóirí, dearthóir, daoine a sheasann an fód i gcoinne an chéasta agus ar son na síochána, ionadaithe na mionlach eitneach, agus na Náisiúin Aontaithe mar institiúid ann féin, is fianaise í duais Sakharov ar eicléiteachas agus ar dhánacht comóradh a dhéanamh orthusan a thugann dúshlán do ghníomhartha mídhanna.

Ó thús na mblianta 2000 i leith, níl aon mhórghluaiseacht agóide ann nár eascair as an mbunmhian cearta an duine a bhaint amach agus dínit an duine a chur chun cinn. Ní tharlódh éirí amach na nArabach, a cuireadh ar siúl an 17 Nollaig 2010 in Sidi Bouzid, sa Túinéis, murach gur chuir díoltóir óg darbh ainm Mohamed Bouazizi lámh ina bhás féin trína chur féin trí thine, mar chomhartha éadóchais toisc an chórais éagóraigh a bhunaigh Ben Ali agus a theaghlach sa tír. Gan a chairt agus a chuid uirlisí oibre, a coigistíodh, ní raibh faic i ndán do Mohamed sa saol. Tá bunús tromchúiseach na coinbhleachta sa tSiria fréamhaithe i gcéasadh na leanaí óga scoile, 13 blianad'aois, a scríobh na focail "Bashar, gread leat!" ar bhallaí sa Damaisc. Léirigh uachtarán na Siria, athuair, go raibh





sé sásta a phobal féin a chur chun báis, úsáid á baint aige fiú as airm cheimiceacha, mar shampla gás saraine, chun na mílte daoine neamhchiontacha a mharú, in Goutha sa bhliain 2013, agus 4 bliana dár gcionn in Khan Cheikhoun in iarthuaisceart na tíre. Ba léiriú í an mhairtíreacht i gcathair Aleppo ag deireadh 2016 ar dhídhaonnú fhórsaí an rialtais, agus cúnamh á fháil acu ón Rúis. Ach i measc na n-íomhánna go léir den léirscios, cuimhníonn muintir an domhain ar Anas al-Basha, “bobaide Aleppo” mar a tugadh air. Maraíodh é le linn aer-ruathair, ach dar lena dheartháir, agus é a labhairt ag a shochraid, chuir sé taitneamh ar leanaí na cathrach, fiú agus iad sna duibheagáin, d’ainneoin na gcoinníollacha is contúirtí dá bhféadfaí a shamhlú.

Níl deireadh leis an aistear sin fós. Is mion minic gur stáitse í Poblacht Dhaonlathach an Chongó le haghaidh na n-uafás rialta arb iad an míliste agus an t-arm is cúis leo, míliste atá saor ó phionós faoi scamall cosanta an chíor thuathail. Le blianta fada anuas, ní dhéantar na sárúithe ar chearta an duine a áireamh fiú a thuilleadh sna tíortha seo san Afraic, áit a dtarlaíonn ionsaithe, céasadh, fuadach agus asáitiú ar bhonn rialta, áit ar cuid den saol anois an choinbhleacht armtha, ón Nigéir go dtí an Camarún — faoi lámh láidir Boko Haram, ó Mhailí go dtí an tSomáil, ón tSúdáin go dtí Sead. In oirthear an Chongó, i réigiún na Mór-Lochanna, ná déanaimis dearmad gur cailleadh 6 mhiliún duine ón dara cogadh domhanda i leith, agus é, dá bhrí sin, ar an áit

inar básaíodh an líon is mó daoine sa stair chomhaimseartha.

Agus maidir le Meiriceá Laidineach, tá sé ar cheann de na háiteanna ar domhan is lú a bhfuil luach ar an mbeatha. Dar le tuarascáil de chuid *Amnesty International*: “Bhí an triantán Thuaidh i Meiriceá Láir — Guatamala, an tSalvadóir agus Hondúras — in 2016, ar cheann de na háiteanna is foréigní ar domhan”. Dar leo, “tá líon na ndúnmharuithe ann níos airde ná i bhformhór mór na limistéar coinbhleachta ar domhan. Is é 108 nduine as gach 100 000 duine den daonra an ráta dúnmharaithe sa tSalvadóir, agus tá sé sin ar cheann de na rátaí is airde ar domhan.” Cé go bhfuil feabhas tagtha ar an scéal sa Cholóim tar éis don rialtas comhaontú a shíniú le FARC (Fórsaí Armtha Réabhlóideacha na Colóime), fianaise go bhféadfadh athmhuintearas a bheith ann tar éis caoga bliain de naimhdeas, tá Veiniséala faoi dhuirceas réim deachtóra, an tUachtarán Nicolás Maduro, agus é sin anuas ar ghéarchéim eacnamaíochta sa tír, cos ar bolg na n-institiúidí daonlathacha agus cur faoi chois an fhreasúra.

Má táthar le léargas iomlán a fháil ar shárúithe ar chearta an duine a tharla le déanaí, ní miste cinniúint phobal na Mongas i Laos a chur san áireamh, nó na mionlaigh sa Tuircméanastáin, tír a chuireann cosc iomlán ar aon fhiosrúchán a bhaineann le saoirsí. Ná déantar dearmad ach oiread, ar reilig na ndéanaithe a bhíonn ag teitheadh chuig réigiún na Meánmhara ar a mbealach ón Libia, ón tSiria, ó Éimin, ón tSúdáin agus ó Mhailí, agus gan réiteach ar



Christopher Anderson
An tSile, Santiago. 1995.
Mórshiúil míleata in ómós Augusto Pinochet
os comhair phálás an uachtaráin.





an scéal i ndán dóibh sa ghearrthéarma. Ní miste a lua freisin go bhfuil sárúithe ag titim amach nach dtarraingítear aird na meán orthu, agus go bhfuil cosantóirí na saoirse ag saothrú i ngan fhios do shochaí na faisnéise.

An fianaise é liosta gan áireamh na fulaingthe seo go bhfuil ag teip ar bhaint amach cearta búnúsacha agus go bhfuil na cearta sin ag trá, gan stad gan staonadh? Ach níl rudaí chomh simplí sin, agus dá bhrí sin níl siad chomh duairc. Cad ar a bhfuilimid ag trácht? Seo a leanas mar a shainmhínigh iar-ambasadóir na Fraince um chearta an duine, François Zimeray, an scéal go soiléir, fuarchúiseach: “Cearta an duine”, dar leis, “ní morálachas atá i gceist leo, ná luachanna ach oiread. Ní bhaineann urramú na gceart sin le siombailí ná fiú le seirfean. Is cearta iad a d’eascair as comhghéilleadh polaitiúil, agus dá réir sin, tá siad lochtach. Maidir le cearta arb ann dóibh nó nach ann dóibh, déantar iad a chur i bhfeidhm nó a sháru. An ceart atá ag duine nach ndéanfaí é a chéasadh, an ceart triail chóir a fháil, a ceart go mbeadh comhionannas ann idir fir agus mná, an ceart atá leanaí a n-óige a chaitheamh, cuireann na cearta sin uile leis an dínit dhaonna; is toisc go bhfuil an cuspóir sin leo go bhfuil fórsa morálta ag baint leo.” (Zimeray, F., *J’ai vu partout le même visage. Un ambassadeur face à la barbarie du monde*, Plon, Paris, 2016).

An leathanach dubailte roimhe seo:
Thomas Dworzak. An Rúis, Grozny. 2002.
Cailín óg le balúin. Le feiceáil sa chúlra tá an díobháil a rinne an dá chogadh sa tSeisnia.

I bhfianaise na físe sin, lean cearta an duine ag forbairt agus ag dul chun cinn ó thrialacha Nurnberg (1945-1946) i leith, mar ar trialadh príomhphearsana na Naitsíoch, go dtí gur bunaíodh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) in 2002, buaicphointe nóisean an uilíochais. Ní hé nach tréimhse thar a bheith fuilteach í an tréimhse sin le 50 bliain anuas. Ach, táthar tar éis a bheith ag cur leis na cearta gan staonadh ó cuireadh 30 airteagal dhearbhu uilechoiteann um Chearta an Duine ar phár in 1948, agus níor luadh fiú cearta an linbh an tráth úd. I gcaitheamh na mblianta, chonacthas cosaintí nua ag teacht ar an bhfód ar son dídeanaithe agus daoine gan stát, ar son na mban agus ar son leanaí. Dearbhaíodh cearta eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, daingníodh agus sonraíodh an comhrac i gcoinne éagóracha, ar leibhéal na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus institiúidí déthaobhacha eile. Maidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, is mór an dul chun cinn é go bhfuil institiúid anna sheasann an fód sula dtarlaíonn ainghníomhartha, agus ní ina dhiaidh. A mhalairt ar fad iad binsí fiosrúcháin Ruanda agus na hiarlúgsaive, a bunaíodh *a posteriori*, tar éis na n-ainghníomhartha, ag teacht salach go hiomlán ar nóisean an chirt.

I measc na bhforbairtí is déanaí, cuireadh leis an gceart idirghabháil a dhéanamh in 2004-2005, a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta faoin téarma sainráite: freagracht na cosanta. Ach tharla céim ar gcúl, sa dul chun cinn iontach seo, nuair a tharla idirghabháil idirnáisiúnta sa Libia. D’imigh fórsaí an Iarthair i bhfad

thar a sainordú dlithiúil, agus spreag sé sin athrú brúidiúil sa rialtas ann. Meastar go bhfuil dochar mór déanta anois don cheart idirghabháil a dhéanamh i dtír, mar gheall ar ar tharla sa Libia, cé go mb'fhéidir nach raibh an dara rogha ann.

Lasmuigh de na sárúithe buan-leanúnacha a tharlaíonn ar chearta an duine faoi réim na rialtas forlámhach seo, tá coincheap luachmhar na hidirghabhála anois i mbaol: tá prionsabal an uilíochais faoi amhras anois. Tá a lán tíortha san Áise, sa domhan Arabach, agus fiú sna Stáit Aontaithe, ag iarraidh go laghdófaí raon feidhme chearta an duine, ar mhaithe le difríochtaí cultúrtha agus cúinsí eisceachtúla, mar dhea, a thabharfadh údar cuí le maolú agus athrú na gceart sin ar mhaithe le saineúlachtaí amhrasacha. Bhí teoiric ag an iar-Phríomh-Aire Malaeisiach Mahathir ibn Mohamad, faoi “luachanna Áiseacha” agus maíonn na húdaráis Shíneacha go bhfuil tús áite ag na luachanna sin ar noirm idirnáisiúnta. Dar le François Zimeray: de réir na saineúlachtaí seo, b'fhearr leo go laghdófaí saoirsí sibhialta agus polaitiúla agus go dtreiseofaí an táirgiúlacht, an tomhaltas agus an ghéilliúlacht. I bhfocail eile, tá cearta an duine ann agus tá cearta an duine ann, an dáthaobhachas, bheadh na noirm i gcomórtas leis na rialacha náisiúnta, leis an traidisún, le gnáthnósanna na tíre, gach duine ar a shon féin. Feictear cúngú phrionsabail an uilíochais freisin i measc thíortha Moslamacha atá páirteach in Eagraíocht na Comhdhála Ioslamaí (OCI). Dar leis an gCairt Ioslamach um Chearta

an Duine, a foilsíodh sa bhliain 1990, go mbraitheann tairbhithe na gceart sin ar cibé acu an fear nó bean thú. Ach ní bhaineann na hiarrachtaí seo le réimis fhorlámhacha amháin. Tá na Stáit Aontaithe — faoi George W. Bush ar dtús agus anois faoi Donald Trump — tar éis an bonn a bhaint ó na cearta bunúsacha le cleachtais, dar leo, atá ann ar mhaithe le spriocanna níos airde. Mar shampla an céasadh a rinne arm Mheiriceá ar dhaoine san Iaráic nó an díothacht saoirsí i bpríosún Guantánamo, is léiriú iad araon ar an gcoibhneasachas seo. Ach ar mhaithe le ceart ar leith, an féidir i ndáiríre duine eile a íobairt?

Tá dúshlán tugtha ag 3 thír Afracacha — an Afraic Theas, an Ghaimbia agus an Bhurúin — do nóisean an uilíochais, agus iad tar éis a chur in iúl go bhfuil siad sásta tarraingt as an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (go háirithe Reacht na Róimhe) agus mar leithscéal acu go spriocdhíreodh Cúirt na Háige ar Cheannairí Afracacha ar dtús. Droch-thriail ar fianaise í ar an tsaoirse ó phionós a bhí acu leis na blianta fada anuas. Dar le *Amnesty International*, “tá an tAontas Afracach le fada an lá tar éis neamhaird a dhéanamh den éileamh idirnáisiúnta go dtrialfí Uachtarán na Súdáine Omar el-Béchir, a bhfuil an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta ag iarraidh go láithreodh sé inti mar gheall ar chinedhióthú”. I mí na Bealtaine 2016, ní dhearna Uganda é a ghabháil le go gcuirfí é faoi choimirce na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus dá réir sin rinne sí faillí ar na mílte daoine a asáitíodh le linn na coinbhleachta in Darfur.

Is léiriú é seo uile go gcaithfidh cearta uilíocha an duine dul i gcomórtas le freasúra i bhfad níos cumhachtaí: ceannasacht an phobail agus spiorad na féiniúlachta. Is mór an baol anois é an cur chuige sriantach seo don duine aonair. Ag ligean i ndearmad go bhfuil cearta ag an duine aonair mar go bhfuil sé beo agus ina shaoránach den domhan, ina dhuine den phobal uile ar a dtugtar an cine daonna. Ach, níl an troid ar son na gceart sin caillte go

hiomlán fós. Is streachailt í atá ag tarlú an t-am ar fud, agus í méadaithe go mór ag éachtaí na ndaoine a fhulaingíonn agus a dhéanann a gcion ar son na gceart sin. Is é sin an scéal, go háirithe, i gcás na ndaoine go léir, ar bronnadh duais Sakharov orthu le 30 bliain anuas, a d'oscail doirse an dóchais agus a chuir cosc ar dhúnadh na ndoirse sin. Má táthar chun cearta an duine a chosaint, is gá cosantóirí na gceart sin a chosaint ar dtús báire.

Duais Sakharov

Bronnadh Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta, arb ionann í agus an comhartha ómóis is mó a thugann an tAontas Eorpach do dhícheall chearta an duine, den chéad uair in 1988 ar Nelson Mandela agus Anatoli Marchenko. Aithnítear léi daoine, grúpaí agus eagraíochtaí atá tar éis sárchion a dhéanamh do chosaint na saoirse smaointeoireachta. Is tríd an duais agus trína líonra comhlachaithe a thacaíonn AE le buaiteoirí, a neartaítear agus a chumasaítear agus iad ag troid ar son a gcúiseanna.

Is ar easaontaigh, ceannairí polaitiúla, iriseoirí, dlíodóirí, gníomhaithe na sochaí sibhialta, scríbhneoirí, máithreacha, mná céile, ceannairí mionlaigh, grúpa frithsceimhlitheoireachta, gníomhaithe síochána, gníomhaí frithchéasta, cartúnaí, príosúnach coinsiasa fad-phianbhreithe, scannánóir, na Náisiúin Aontaithe mar chomhlacht agus fiú leanbh a throid ar son an chirt chun oideachais a bronnadh an duais go dtí seo. Cuirtear chun cinn go háirithe léi saoirse cainte, cearta

mionlach, urraim don dlí idirnáisiúnta, forbairt an daonlathais agus riail an dlí a chur chun feidhme.

Bronnann Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov le dearlaic EUR 50 000 i suí iomlánach foirmiúil in Strasbourg i dtreo dheireadh gach bliana. Féadfaidh grúpaí polaitiúla den Pharlaimint agus Feisirí aonair iarrthóirí a ainmniú, (teastaíonn tacaíocht 40 feisire ar a laghad acu do gach iarrthóir). Cuirtear na hainmnithigh i láthair ag suí comhpháirteach de na Coistí um Ghnóthaí Eachtracha agus um Fhorbairt agus den Fhochoiste um Chearta an Duine agus vótálann comhaltaí na lánchoistí ar ghearrliosta de thriúr. Roghnaíonn Comhdháil na nUachtarán, ar comhlacht de chuid Parlaimint na hEorpa é a threoraíonn an t-uachtarán agus ina gcuimsítear ceannairí na ngrúpaí polaitiúla éagsúla uile a bhfuil ionadaíocht acu sa Pharlaimint, an buaiteoir nó na buaiteoirí deireanacha, a fhágann gur rogha Eorpach amach is amach atá i rogha na mbuaiteoirí.

Na buaiteoirí

- 2017** Freasúra Daonlathach i Veiniséala
- 2016** Nadia Murad, Lamya Haji Bashar
- 2015** Raif Badawi
- 2014** Denis Mukwege
- 2013** Malala Yousafzai
- 2012** Nasrin Sotoudeh, Jafar Panahi
- 2011** An tEarrach Arabach: Mohamed Bouazizi, Ali Ferzat, Asmaa Mahfouz, Ahmed El Senussi, Razan Zaitouneh
- 2010** Guillermo Fariñas
- 2009** Memorial
- 2008** Hu Jia
- 2007** Salih Mahmoud Mohamed Osman
- 2006** Aliaksandr Milinkevich
- 2005** *Damas de Blanco*, Hauwa Ibrahim, Tuairisceoirí Gan Teorainneacha
- 2004** Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise
- 2003** Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe Kofi Annan agus foireann uile na Náisiún Aontaithe
- 2002** Oswaldo José Payá Sardiñas
- 2001** Izzat Ghazzawi, Nurit Peled-Elhanan, Dom Zacarias Kamwenho
- 2000** *¡BASTA YA!*
- 1999** Xanana Gusmão
- 1998** Ibrahim Rugova
- 1997** Salima Ghezali
- 1996** Wei Jingsheng
- 1995** Leyla Zana
- 1994** Taslima Nasreen
- 1993** *Oslobođenje*
- 1992** *Las Madres de Plaza de Mayo*
- 1991** Adem Demaçi
- 1990** Aung San Suu Kyi
- 1989** Alexander Dubček
- 1988** Nelson Rolihlahla Mandela, Anatoli Marchenko

Ról Pharlaimint na hEorpa

Is dóigh le saoránaigh AE, de réir na bpobalbhreitheanna, gurb iad cearta an duine an luach ba chóir do Pharlaimint na hEorpa a chosaint mar ábhar tosaíochta. Tá cearta an duine neadaithe i gconarthaí an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbeartais AE um chaidreamh seachtrach, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta 2015-2020 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas. Ina gcaidreamh le tíortha neamh-AE, ceanglaítear ar an Aontas obair a dhéanamh ar son na bprionsabal seo a leanas: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Is príomhghníomhaí í Parlaimint na hEorpa chun an daonlathas, saoirse cainte, toghcháin chothroma agus cearta uilíocha an duine a chosaint agus a chur chun cinn.

Ní hamháin go mbronnann Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov go bliantúil, caomhnaíonn sí agus cosnaíonn sí cearta an duine trí rúin maidir le nithe práinneacha um chearta an duine, trí thuarascáil bhliantúil maidir le cearta an duine agus maidir leis an daonlathas ar domhan, trí bheartas an Aontais Eorpaigh ar an ábhar sin, trí idirphlé Parlaiminteach agus taidhleoireacht le comhghleacaithe agus le húdaráis i dtíortha neamh-AE, trí éisteachtaí maidir le saincheisteanna um

chearta an duine ina gcoistí, rannpháirtíocht i misin breathnóireachta toghcháin a fud an domhain, gníomhartha i gcomhpháirt Ghréasán Dhuais Sakharov, Comhaltacht Sakharov do chosantóirí chearta an duine agus gníomhartha chearta an duine eile i gcomhpháirt le parlaimintí náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta.

Ina rúin maidir le nithe práinneacha um chearta an duine, arna nglacadh ag gach suí iomlánach in Strasbourg, díríonn an Pharlaimint aird ar chearta an duine agus glacann sí seasamh ina leith ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn sí freisin, a seasamh aonchiallach le haghaidh céasadh a chosc agus i gcoinne phionós an bháis, le haghaidh cosantóirí ar chearta an duine a chosaint, le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, le haghaidh cearta ban agus leanaí, le haghaidh mionlaigh a chosaint agus le haghaidh chearta na bpobal dúchasach agus na ndaoine faoi mhíchumas ar fud an domhain. Is minic a úsáidtear rúin Parlaimint na hEorpa mar an bonn do ghníomh ó Chomhairle na nAirí, ón gCoimisiún Eorpach, agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus uaireanta d'fhéadfaidís tionchar díreach a imirt ar ghníomhartha na rialtas lena mbaineann.

Déanann Parlaimint na hEorpa faireachán ar chaidreamh seachtrach AE ós rud é go gcuireann a cumhachtaí reachtacha ar a cumas bac a chur le comhaontuithe AE a dhéanamh le stáit neamh-AE má bhíonn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar phrionsabail an daonlathais ar siúl.

Áitíonn an Pharlaimint go gcaithfear cloí go dian leis na clásail ar chearta an duine a áirítear go córasach i gcomhaontuithe den sórt sin. I mí Aibreáin 2011, d'iarr an Pharlaimint go gcuirfeadh AE caibidlíochtaí le haghaidh comhaontú comhlachais ar fionraí idir AE agus an tSiria, agus i mí Mheán Fómhair 2011, cuireadh comhaontú comhair AE leis an tSiria ar fionraí go páirteach "go dtí gur chuir údaráis na Siria deireadh le sáruithe córasacha ar chearta an duine".

Sa chomhbheartas eachtrach agus slándála agus sa bheartas maidir leis an gcomhar um fhorbairt, sonraítear i ndlí an Aontais gurb é a chuspóir "forbairt agus comhdhlúthú an daonlathais agus an smachta reachta mar aon le ról Parlaimint na hEorpa maidir le cearta an duine agus maidir le hurraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha". Is a bhuí le Parlaimint na hEorpa den chuid is mó a áiríodh an cuspóir sin go sainráite. Gach bliain, glacann Parlaimint na hEorpa a tuarascáil féin maidir leis an tuarascáil bhliantúil ó Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa maidir le príomhghnéithe agus roghanna bunúsacha Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála AE.

Is é an Fochoiste um Chearta an Duine (DROI) an comhlacht atá freagrach go príomha as obair pharlaiminteach maidir le cearta an duine agus cuireann sé fóram rialta ar fáil ina ndéanann Feisirí, gníomhaithe idirnáisiúnta, saineolaithe agus an tsochaí sibhialta saincheisteanna maidir le cearta

an duine a ardú, agus gníomhaíocht AE agus idirnáisiúnta ina leith a mholadh agus a mheasúnú. Téann DROI i gcomhpháirt go rialta le coistí eile de chuid Parlaimint na hEorpa, nó tugann sé cuireadh do choistí eile chuig na pléití sin. Glacann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha lena chuid tuarascálacha agus rún ar fad. Chomh maith leis sin reáchtálann an Coiste um Fhorbairt pléití rialta faoi chearta an duine sna tíortha i mbéal forbartha. Téann toscaireachtaí coiste i ngleic freisin le saincheisteanna um chearta an duine le linn cuairteanna ar thíortha.

Tá a ról ó thaobh cearta an duine a chosaint neartaithe ag an bParlaimint freisin trí thacú le daonlathas parlaiminteach agus le hidirphlé polaitiúil parlaiminteach, trí éisteachtaí le hionadaithe na sochaí sibhialta ó thíortha nach Ballstáit iad á dtionól ag ambuantoscaireachtaí agus trí thoscaireachtaí *ad hoc* a chur amach chun measúnú a dhéanamh ar an staid ar an láthair ó thaobh cearta an duine. Is iad na príomhfhóirí le haghaidh idirphlé polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus Comhaltaí ó thíortha nach tíortha AE iad Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE (Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin-AE), Tionól Parlaiminteach an Aontais don Mheánmhuir, Tionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh, agus Tionól Parlaiminteach Euronest i dteannta comhpháirtithe ó Oirthear na hEorpa.

D'úsáid Parlaimint na hEorpa a cuid cumhachtaí buiséadacha chun na hacmhainní a bhí ceaptha do chlár a bhíonn ag déileáil leis

an daonlathas agus cearta an duine a mhéadú go suntasach agus d'éirigh lena troid chun leanúint ar aghaidh le feidhmiú na hIonstraime Eorpaí i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine, ar príomhionstraim airgeadais agus beartais í chun tacú le cosantóirí na sochaí sibhialta agus chearta an duine, go háirithe iad siúd a bhfuil a mbeatha i mbaol.

Mar chomhlánú ar a cuid oibre maidir le cearta an duine, tá Parlaimint na hEorpa tiomanta

do thacaíocht a thabhairt do thoghcháin shaora agus chóra i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach mar go bhfuil na toghcháin sin riachtanach don daonlathas a chur ar bun, don dlisteanacht a fhódú agus do mhuinín an phobail a spreagadh sna hinstitiúidí. Bíonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i gceannas ar mhisin breathnadóireachta toghcháin AE, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugtar lánurraim do cheart na ndaoine a gceannairí a roghnú.

An leathanach dúbailte ina dhiaidh seo:
Nikos Economopoulos
An Tuirc, Yozgat. 1990.
Slógadh polaitiúil.





Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais
Eorpaigh, 2017

Print

ISBN 978-92-846-1716-6

doi:10.2861/696053

QA-01-17-954-GA-C

PDF

ISBN 978-92-846-1717-3

doi:10.2861/112486

QA-01-17-954-GA-N

Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil ar na
suíomhanna ghréasáin seo a leanas:

europarl.europa.eu

europarl.europa.eu/sakharov



Oifig na bhFoilseachán

